



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséal, 14 Meitheamh 2022
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0376 (COD)

9768/1/22
REV 1

LIMITE

EF 155
ECOFIN 557
CODEC 842

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 2011/61/AE agus 2009/65 CE a mhéid a bhaineann le socruithe tarmligin, bainistiú riosca leachtachta, tuairisciú maoirseachta, soláthar seirbhísí taisce agus cumhdaigh agus tionscnamh iasachta ag cistí infheistíochta malartacha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an téacs comhréitigh deiridh ón Uachtaránacht d'fhonn cur chuige ginearálta a bhaint amach.

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT Na hEorpa AGUS ón gComhairle
lena leasaítear Treoracha 2011/61/AE agus 2009/65/CE a mhéid a bhaineann le socruithe
tarmligin, bainistiú riosca leachtachta, tuairisciú maoirseachta, soláthar seirbhísí taisce agus
cumhdaigh agus tionscnamh iasachta ag cistí infheistíochta malartacha
(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT Na hEorpa AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

¹ IO C , , lch. .

(1) I gcomhréir le hAirteagal 69 de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar chur i bhfeidhm agus raon feidhme na Treorach sin, agus tháinig sé ar an gconclúid gur comhlíonadh, den chuid is mó, na cuspóirí maidir le margadh an Aontais a chomhtháthú le haghaidh cistí infheistíochta malartacha (CIManna), lena n-áirithítear ardleibhéal cosanta infheisteoirí agus lena gcosnaítear cobhsaíocht airgeadais. San athbhreithniú sin áfach, ba é tátal an Choimisiúin freisin gur gá rialacha a chomhchuíbhiú le haghaidh bhainisteoirí na gcistí infheistíochta malartacha (BCIManna) a mbíonn CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí á mbainistiú acu, chun na caighdeáin is infheidhme a shoiléiriú maidir le BCIManna lena dtarmlichtear a bhfeidhmeanna chuig tríú páirtithe, chun cóir chomhionann taiseánach a áirithiú, feabhas a chur ar rochtain trasteorann ar sheirbhísí taise, bailiú sonraí maoirseachta a bharrfheabhsú agus úsáid uirlisí bainistithe leachtachta (LMTanna) a éascú ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, tá gá le leasuithe chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí rialála sin chun feabhas a chur ar fheidhmiú Threoir 2011/61/AE.

(2) Is gá freisin na nithe seo a leanas a bheith ann chun gnóthais a bhainistiú le haghaidh comhinfeistíocht in urrúis inaistrithe (GCUIanna): córas tarmligin láidir, cóir chomhionann taiseánach, comhleanúnachas tuairiscithe maoirseachta agus cur chuige comhchuíbhithe maidir le LMTanna a úsáid. Dá bhrí sin, is iomchuí freisin Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ a leasú, lena leagtar síos rialacha maidir le húdarú agus oibriú GCUI, i réimse an tarmligin, sócmhainní a choimeád slán, an tuairiscithe maoirseachta agus an bhainistithe riosca leachtachta.

² Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

³ Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCUIanna) a chomhordú (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

(3) Chun éifeachtúlacht gníomhaíochtaí BCIM a mhéadú, ba cheart liosta na seirbhísí coimhdeacha údaraithe a leagtar amach in Airteagal 6(4) de Threoir 2011/61/AE a leathnú chun na cúraimí a dhéanann an riarthóir i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴ ('riar tagarmharcanna') agus seirbhísithe creidmheasa faoi rialú Threoir 2021/2167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chuimsiú⁵. Ar mhaithe le hiomláine, ba cheart a shoiléiriú freisin, nuair a bheidh cúraimí á ndéanamh a dhéanann riarthóir tagarmharcanna nó nuair a bheidh seirbhísí creidmheasa á soláthar, gur cheart an BCIM a bheith faoi réir na ngníomhartha thuasluaite.

(3a) Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú do bhainisteoirí BCIManna agus GCUInna maidir leis na seirbhísí is féidir leo a sholáthar do thríú páirtithe, ba cheart a shoiléiriú go gceadaítear do bhainisteoirí BCIManna agus GCUInna na gníomhaíochtaí agus na seirbhísí céanna a sholáthraíonn siad cheana féin i ndáil le CIManna agus GCUInna a bhainistíonn siad a dhéanamh ar mhaithe le tríú páirtithe, ar choinníoll nach gcruthóidh sé sin coinbhleachtaí leasa neamh-inbhainistithe. Thacódh sé sin freisin le hiomaíochas idirnáisiúnta chuideachtaí bainistíochta BCIManna agus GCUInna Eorpacha trí bharrainneachtaí scála a chumasú agus trí fhoinsí ioncaim a éagsúlú.

(4) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil BCIManna a sholáthraíonn seirbhísí coimhdeacha lena mbaineann ionstraimí airgeadais faoi réir na rialacha a leagtar síos i dTreoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶. Maidir le sócmhainní eile, nach ionstraimí airgeadais iad, ba cheart a cheangal ar BCIManna ceanglais Threoir 2011/61/AE a chomhlíonadh.

⁴ Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lgh. 1-65).

⁵ Treoir (AE) 2021/2167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2021 maidir le seirbhíseoirí creidmheasa agus ceannaitheoirí creidmheasa agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2014/17/AE (IO L 438, 8.12.2021, lgh. 1-37)

⁶ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáil in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

(5) Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas a leagtar síos in Airteagail 7 agus 8 de Threoir 2011/61/AE maidir leis na hacmhainní daonna is gá ag BCIManna a áirithiú, ba cheart a shoiléiriú, tráth a chuirtear isteach ar údarú, gur cheart do BCIManna faisnéis a sholáthar do na húdaráis inniúla maidir leis na hacmhainní daonna agus teicniúla a úsáidfidh BCIM chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus, i gcás inarb infheidhme, chun toiscairí a mhaoirsiú. Ba cheart ar a laghad beirt bhainisteoirí shinsearacha a fhostú nó gnó BCIM a dhéanamh ar bhonn lánaimseartha agus iad a bheith ina gcónaí san Aontas. Gan beann ar an íosmhéid reachtúil sin, d'fhéadfadh níos mó acmhainní a bheith ag teastáil ag brath ar mhéid agus ar chastacht CIM.

(6) Chun feabhas a chur ar chur i bhfeidhm aonfhoirmeach Threoir 2011/61/AE, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag na rialacha tarmligin a leagtar síos in Airteagal 20 maidir leis na feidhmeanna uile a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin agus maidir leis na seirbhísí coimhdeacha dá dtagraítear in Airteagal 6(4) den Treoir sin.

(7) Ní dhéanann BCIM cistí a mhargú go díreach i gcónaí, uaireanta is dáileoir amháin nó roinnt dáileoirí a dhéanann an margú sin thar ceann BCIM nó thar a gceann féin. D'fhéadfadh cásanna a bheith ann freisin ina ndéanann comhairleoir airgeadais neamhspleách ciste a mhargú i ngan fhios do BCIM. Tá formhór na ndáileoirí cistí faoi réir ceanglais rialála de bhun Threoir 2014/65/AE nó Threoir (AE) 2016/97, lena sainítear raon feidhme agus méid a bhfreagrachtaí i leith a gcliant féin. Dá bhrí sin, ba cheart a admháil leis an Treoir seo éagsúlacht na socruithe dáileacháin agus ba cheart aitheantas a thabhairt do na coimircí atá ann cheana le haghaidh na socruithe trína ngníomhaíonn dáileoir thar a cheann féin nuair a mhargaíonn sé CIM faoi Threoir 2014/65/AE nó trí tháirgí infheistíochta bunaithe ar árachas saoil i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/97, agus sa chás sin níor cheart feidhm a bheith ag forálacha na Treorach seo maidir le tarmligeán gan beann ar aon chomhaontú dáileacháin idir an BCIM agus an dáileoir.

(8) Chun forléargas iontaofa a fhorbairt ar ghníomhaíochtaí tarmligin san Aontas agus chun treoir a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta amach anseo, ba cheart do BCIManna faisnéis a chur ar fáil go tráthrialta d'údaráis inniúla i ndáil le socrúithe tarmligin a bhaineann le feidhmeanna comhchoiteanna nó discréideacha bainistithe punainne nó bainistithe riosca a tharmligean. Dá bhrí sin, ba cheart do BCIManna faisnéis faoi na tarmligin a thuairisciú, liosta na ngníomhaíochtaí tarmligthe agus cur síos orthu, méid agus céatadán shócmhainní na CIManna bainistithe atá faoi réir socrúithe tarmligin a bhaineann leis an bhfeidhm bainistithe punainne, cur síos ar an gcaoi a ndéanann BCIM maoirsiú, faireachán agus rialú ar an tarmligean, faisnéis faoi na socrúithe fotharmligin agus an dáta a thosóidh na socrúithe tarmligin nó fotharmligin agus dáta a rachaidh siad in éag. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart a shonrú go mbailítear na sonraí maidir le céatadán shócmhainní na CIManna bainistithe atá faoi réir socrúithe tarmligin a bhaineann leis na feidhmeanna bainistithe punainne chun forléargas níos fearr a thabhairt ar oibriú an tarmligin, agus nach táscaire fianaiseach iad na sonraí iontu féin chun leordhóthanacht substainte nó bainistithe riosca a chinneadh, ná chun éifeachtacht na socrúithe maoirseachta nó rialaithe ar leibhéal an bhainisteora a chinneadh. Ba cheart faisnéis den sórt sin a chur in iúl do na húdaráis inniúla mar chuid den tuairisciú maoirseachta a rialaítear le hAirteagal 24 de Threoir 2011/61/AE.

(8a) Ós rud é gur féidir le BCIM gearáil a úsáid agus, faoi choinníollacha áirithe, rannchuidiú le méadú riosca shistéamaigh nó margaí mí-ordúla, ba cheart ceanglais speisialta a fhorchur ar BCManna a úsáideann gearáil ar bhonn substaintiúil. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas sin a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir lena shonrú cathain a mheasfar gur cheart gearáil a úsáid ar bhonn substaintiúil.

(9) Ba cheart comhrialacha a leagan síos chun margadh inmheánach éifeachtúil le haghaidh CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí a bhunú, chun leibhéal aonfhoirmeach cosanta infheisteoirí san Aontas a áirithiú, chun go bhféadfadh CIManna a ngníomhaíochtaí a fhorbairt trí iasachtaí a thionscnamh i mBallstáit uile an Aontais agus chun rochtain ar mhaoiniú a éascú ag cuideachtaí AE, ar príomhchuspóir Aontas na Margaí Caipitil ('CMU') é⁷. Mar sin féin, i bhfianaise an mhargaidh creidmheasa phríobháidigh atá ag fás go tapa, is gá aghaidh a thabhairt ar na rioscaí micreastuamachta agus macrastuamachta a d'fhéadfadh a bheith ann, a d'fhéadfadh a bheith i gceist le CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí agus a bhféadfaidís iad a scaipeadh chuig an gcóras airgeadais go ginearálta. Ba cheart na rialacha is infheidhme maidir le BCManna a bhainistíonn cistí lena dtionscnaítear iasachtaí a chomhchuibhiú chun feabhas a chur ar bhainistíocht riosca ar fud an mhargaidh airgeadais agus chun trédhearcacht le haghaidh infheisteoirí a mhéadú. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart a shonrú, maidir leis na forálacha a leagtar síos sa Treoir seo atá infheidhme maidir le BCManna a bhainistíonn CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí, nár cheart go gcuirfidís cosc ar na Ballstáit creataí náisiúnta táirgí a bhunú lena sainítear catagóirí áirithe CIManna le rialacha níos sriantaí. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha náisiúnta sin maidir leis an CIM atá bunaithe sa Bhallstát a chinn an lánrogha a fheidhmiú a mhéid atá na rialacha sin níos sriantaí ná na forálacha ginearálta a leagtar síos sa Treoir seo.

⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Aontas na margaí caipitil do dhaoine agus do ghnólachtaí – plean gníomhaíochta nua (COM/2020/590 final).

(9a) Tá CIManna a thugann iasachtaí do thomhaltóirí faoi réir ceanglais ionstraimí eile de dhlí an Aontais is infheidhme maidir le creidmheas tomhaltóirí, lena n-áirítear Treoir 2021/2167/AE seirbhíseoirí creidmheasa agus ceannaitheoirí creidmheasa agus Treoir 2008/48/CE maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí. Leagtar síos leis na hionstraimí sin de dhlí an Aontais na bunchosaintí d'iasachtaithe ar leibhéal an Aontais. Mar sin féin, agus bunaithe ar chúiseanna sáraitheacha leasa phoiblí, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann tionscnamh iasachtaí ag CIManna do thomhaltóirí a thoirmeasc.

(10) Chun tacú le bainistiú gairmiúil CIManna agus chun rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a mhaolú, ba cheart beartais, nósanna imeachta agus próisis éifeachtacha a bheith ag BCIManna a bhainistíonn CIManna a bhíonn i mbun tionscnamh iasachtaí. Ba cheart dóibh freisin beartais, nósanna imeachta agus próisis éifeachtacha a chur chun feidhme chun measúnú a dhéanamh ar riosca creidmheasa agus a bpunann creidmheasa a riar agus faireachán a dhéanamh orthu i gcás ina dtugann siad faoi ghníomhaíochtaí tionscanta iasachtaí arna dtionscnamh nó i gcás ina gceannaíonn siad iasachtaí ó thríú páirtithe. Ba cheart na beartais, na nósanna imeachta agus na próisis sin a athbhreithniú go tréimhsiúil.

(11) Chun riosca idirnascthachta a shrianadh i measc CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí agus rannpháirtithe eile sa mhargadh airgeadais, ba cheart a cheangal ar BCIManna na CIManna sin, i gcás inarb institiúid airgeadais é an t-iasachtaí, a riosca a éagsúlú agus a nochtadh a bheith faoi réir teorannacha sonracha. Ina theannta sin, ba cheart dóibh a bheith faoi réir teorainn ghiarála chun cobhsaíocht agus sláine an chórais airgeadais a áirithiú. I gcomhréir leis an gcuspóir sin, ba cheart an teorainn ghiarála chéanna a bheith ann do gach CIM a thionscnaíonn iasachtaí, cibé acu a dhéantar iad a mhargú le hinfheisteoirí miondíola nó nach ndéantar iad a mhargú ach le hinfheisteoirí gairmiúla amháin. Níor cheart dó sin cosc ar na Ballstáit teorainn ghiarála níos déine a fhorchur ar an leibhéal náisiúnta maidir le CIManna a mhargaítear le hinfheisteoirí miondíola.

(12) Chun coinbhleachtaí leasa a theorannú, níor cheart do BCIManna agus dá bhfoireann iasachtaí a fháil ó na CIManna atá á mbainistiú acu ar CIManna iad lena dtionscnaítear iasachtaí. Ar an gcuma chéanna, ba cheart cosc a chur ar thaisce CIM agus ar a fhoireann nó ar thoscaire BCIM agus a fhoireann iasachtaí a fháil ó na CIManna gaolmhara.

(13) Le Treoir 2011/61/AE ba cheart an ceart atá ag CIManna iasachtaí a thionscnamh agus na hiasachtaí sin a thrádáil ar an margadh tánaisteach a aithint. Chun baol morálta a sheachaint agus chun caighdeán creidimheasa ginearálta na n-iasachtaí arna dtionscnamh ag CIManna a choimeád, ba cheart iasachtaí den sórt sin a bheith faoi réir ceanglais coinneála riosca chun cásanna a sheachaint ina dtionscnaítear iasachtaí agus d'aon toisc chun iad a dhíol. Mar sin féin, níor cheart iasachtaí ‘tionscain agus dáil’ a bheith ina straitéis infheistíochta a shaothraíonn CIManna agus ba cheart do BCIManna dá bhrí sin a áirithiú nach mbainistíonn siad ach CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí arb í a straitéis infheistíochta gan iasachtaí a thionscnamh chun iad a dhíol.

(14) D'fhéadfadh iasachtaí fadtéarmacha neamhleachtacha atá i seilbh CIManna bearnaí leachtachta a chruthú má cheadaíonn struchtúr neamhiata an CIM údaraithe d'infheisteoirí in ann a n-aonaid cistí nó a scaireanna a fhuascailt go minic. Dá bhrí sin, is gá rioscaí a bhaineann le claochlú aibíochta a mhaolú trí struchtúr iata a fhorchur le haghaidh CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí mar ní bheadh leochaileacht ag cuideachta infheistíochta a bhfuil caipiteal seasta aici d'éilimh fuascailte agus d'fhéadfaidís iasachtaí arna dtionscnamh a choinneáil go dtí aibíocht. Mar sin féin, féadfaidh CIM a thionscnaíonn iasachtaí féidearthachtaí fuascailte a thairiscint i bhfianaise a straitéise infheistíochta agus bunaithe ar chóras bainistithe leachtachta a íoslaghdaíonn bearnaí leachtachta agus a áirithíonn cóir chothrom d'infheisteoirí. Ba cheart, dá bhrí sin, do BCIManna a bheith in ann CIManna den sórt sin a bhainistiú ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais áirithe, atá le sonrú le caighdeáin theicniúla rialála. Ba cheart a chur san áireamh sna caighdeáin theicniúla rialála cineál an tionscnaimh iasachtaí ag an BCIM, go háirithe mura soláthraíonn BCIM ach iasachtaí scairshealbhóirí ar féidir iad a mheas a bheith amhail cothromais agus a bhfuil riosca níos lú ag baint leo ná iasachtaí do thríú páirtithe.

(15) I gcás ina bhfuil CIM lena dtionscnaítear iasachtaí nó BCIM, i ndáil lena ghníomhaíochtaí CIM atá á mbainistiú aige, faoi réir na gceanglas a leagtar síos i dTreoir 2011/61/AE agus na gceanglas a leagtar síos i Rialachán (AE) 345/2013⁸, (AE) 346/2013⁹ agus (AE) 2015/760¹⁰ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ba cheart a shoiléiriú gur cheart do na rialacha táirgeshonracha a leagtar síos in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 345/2013 agus Airteagal 3 de Rialachán (AE) 346/2013, Caibidil II de Rialachán (AE) 2015/760 rialacha níos ginearálta a leagtar amach i dTreoir 2011/61/AE a shárú.

(15a) Toisc go bhféadfadh CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí a bheith neamhleachtach agus fadtéarmach, is gné bhunúsach de BCIManna go mbíonn deacrachtaí acu maidir le hathruithe ar rialacha agus ceanglais rialála a thugtar isteach le linn shaolré na CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí a bhainistíonn siad a chomhlíonadh gan difear a dhéanamh d'iontaoibh ná do mhuintín a n-infheisteoirí. Is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le rialacha idirthréimhseacha le haghaidh CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí a bunaíodh sular glacadh an Treoir seo.

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí caipitil fiontair Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lgh. 1–17).

⁹ Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lgh. 18–38).

¹⁰ Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha (IO L 123, 19.5.2015, lgh. 98–121).

(16) Chun tacú le faireachán margaidh a dhéanann na húdaráis mhaoirseachta, ba cheart feabhas a chur ar bhailiú agus ar roinnt na faisnéise a dhéantar trí thuairiscí maoirseachta. D'fhéadfaí na ceanglais um tuairiscíú atá ann faoi reachtaíocht an Aontais agus faoi reachtaíocht náisiúnta, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, (AE) Uimh. 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², (AE) Uimh. 1011/2012 ón mBanc Ceannais Eorpach¹³ agus (AE) Uimh. 1073/2013 ón mBanc Ceannais Eorpach¹⁴, a dhíchur chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun ualaí riaracháin ar BCIManna a laghdú. Ba cheart do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha ('ESAnna) agus don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE), le tacaíocht ó na húdaráis inniúla náisiúnta, i gcás inar gá, measúnú a dhéanamh ar na riachtanais sonraí atá ag na húdaráis mhaoirseachta éagsúla chun go mbeidh na hathruithe a thiocfaidh ar an teimpléid tuairiscithe maoirseachta éifeachtach.

(17) Mar ullmhúchán do na hathruithe a dhéanfar amach anseo ar oibleagáidí tuairiscithe maoirseachta, ba cheart raon feidhme na sonraí is féidir a éileamh ar BCIManna a leathnú trí na teorainneacha a bhaint, ar teorainneacha iad a dhírítear ar mhórthrádálacha, ar neamhchosaintí móra nó ar chontrapháirtithe. Dá gcinnteodh ESMA go bhfuil údar le nochtadh punainne iomláin ar bhonn tréimhsiúil, ba cheart freastal ar leathnú riachtanach an raon feidhme tuairiscithe le forálacha Threoir 2011/61/AE.

¹¹ Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

¹² Rialachán (AE) 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i dtaca leis an oibleagáid imréitigh, le fionraí na hoibleagáide imréitigh, leis na ceanglais tuairiscithe, le teicnící maolaithe riosca do chonarthaí díorthach thar an gcuntar nach n-imréitíonn contrapháirtí lárnach, le clárú agus le maoirseacht stórtha trádála agus leis na ceanglais ar stórtha trádála (IO L 141, 28.5.2019, lch. 42).

¹³ Rialachán (AE) Uimh. 1011/2012 ón mBanc Ceannais Eorpach an 17 Deireadh Fómhair 2012 maidir le staidreamh a bhaineann le sealbhú urrús (IO L 305, 1.11.2012, lch. 6).

¹⁴ Rialachán (AE) Uimh. 1073/2013 ón mBanc Ceannais Eorpach an 18 Deireadh Fómhair 2013 maidir le staidreamh ar shócmhainní agus dliteanais cistí infheistíochta (IO L 297, 7.11.2013, lch. 73).

(18) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach na n-oibleagáidí tuairiscithe maoirseachta a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeán theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵ chun an t-ábhar, na foirmeacha agus na nósanna imeachta a leagan amach chun an próiseas tuairiscithe maoirseachta a dhéanann BCIManna a chaighdeánú. Leis na caighdeán theicniúla rialála sin, ba cheart an t-ábhar, na foirmeacha agus na nósanna imeachta a leagan amach chun an próiseas tuairiscithe maoirseachta a chaighdeánú, rud a thiochfaidh in ionad an teimpléid tuairiscithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 231/2013 ón gCoimisiún¹⁶. Ba cheart na caighdeán theicniúla rialála agus cur chun feidhme sin a ghlacadh ar bhonn dréachta arna fhorbairt ag ESMA. Ba cheart an fhaisnéis atá le tuairisciú ar shocruithe tarmligin a leagan amach go soiléir i dtéacs Threoir 2011/61/AE. Maidir leis an bhfaisnéis sin, ba cheart an caighdeán teicniúil rialála a bheith fós teoranta don leibhéal iomchuí caighdeánaithe ar an bhfaisnéis a leagan amach atá le tuairisciú mar a shainítear i dTreoir 2011/61/AE, gan aon eilimintí a chur leis nach bhforáiltear dóibh i dtéacs na Treorach sin.

(19) Chun an próiseas tuairiscithe maoirseachta a chaighdeánú, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún caighdeán theicniúla cur chun feidhme arna bhforbairt ag ESMA a ghlacadh a mhéid a bhaineann leis na foirmeacha agus na caighdeán sonraí, leis an minicíocht tuairiscithe agus le huainiú an tuairiscithe ag BCIManna. Ba cheart don Choimisiún na caighdeán theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

¹⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

¹⁶ Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) Uimh. 231/2013 an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí, coinníollacha ginearálta oibríochta, tascí, gearáil, trédhearcacht agus le maoirseacht (IO L 83, 22.3.2013, lgh. 1-95).

(20) Chun freagairt níos éifeachtaí a áirithiú ar bhrúnna leachtachta i dtráth anáis sa mhargadh agus chun infheisteoirí a chosaint ar bhealach níos fearr, ba cheart rialacha a leagan síos i dTreoir 2011/61/AE chun moltaí an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS) a chur chun feidhme¹⁷.

(21) Chun a chur ar chumas bhainisteoirí CIManna neamhiata atá bunaithe in aon Bhallstát déileáil le brúnna fuascailte faoi dhálaí anáis sa mhargadh, ba cheart a cheangal orthu tacar oiriúnach LMTanna a chinneadh, lena n-áirítear ar a laghad dhá LMT a roghnú ón liosta comhchuibhithe a leagtar amach san Iarscríbhinn, de bhreis ar an bhféidearthacht fuascailtí a chur ar fionraí agus taobhphócaí a ghníomhachtú, in imthosca eisceachtúla agus ar mhaithe le leas na scairsealbhoirí nó na sealbhóirí aonad. De mhaolú air sin, níor cheart do bhainisteoir CIM neamhiata a bheith in ann ach LMT amháin a roghnú ó Iarscríbhinn V i gcás ina bhfuil an CIM sin údaraithe mar chiste margaidh airgid. Nuair a ghlacann BCIM cinneadh chun LMT a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú, ba cheart dó fógra a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta go comhuaineach leis an ngníomhachtú. Nuair a dhéantar taobhphócaí a ghníomhachtú, ba cheart fógra a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta, laistigh de thréimhse ama réasúnta roimh an ngníomhachtú sin. Cé nach dtugtar an chumhacht d'údaráis inniúla úsáid uirlise bainistithe leachtachta a fhortheas sula ndéanfar í a ghníomhachtú, d'fhágfadh an ceanglas fógra sin go mbeadh na húdaráis mhaoirseachta in ann déileáil ar bhealach níos fearr le hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ar theannas leachtachta sa mhargadh i gcoitinne. Níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin ach amháin maidir le fuascailtí, geataí fuascailte agus taobhphócaí a chur ar fionraí ós rud é go bhféadfaí LMTanna eile a úsáid go minic faoi ghnáth-dhálaí an mhargaidh. Mar sin féin, ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith fós in ann fógraí i leith na LMTanna eile sin a iarraidh, má mheasann siad gurb iomchuí sin, mar shampla i gcás ina modhnaítear príomhpharaiméadair na n-uirlisí sin nó i gcás ina ndéantar fuascailt chomhchineáil a ghníomhachtú.

¹⁷ Moladh an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach an 7 Nollaig 2017 maidir le rioscaí leachtachta agus gearála i gcistí infheistíochta BERS/2017/6, 2018/C 151/01.

(22) Chun a bheith in ann cinneadh infheistíochta a dhéanamh i gcomhréir lena bhfonn riosca agus lena riachtanais leachtachta, ba cheart na coinníollacha le haghaidh úsáid LMTanna a chur in iúl d'infheisteoirí. Go háirithe, agus chun cosaint infheisteoirí a neartú, ba cheart a shonrú nach bhfuil sé oiriúnach d'infheisteoirí miondíola fuascailt chomhchineáil a úsáid agus nár cheart í a ghníomhachtú, dá bhrí sin, ach chun freastal ar iarrataí fuascailte ó infheisteoirí gairmiúla, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na rioscaí a bhaineann cóir neamhionann idir infheisteoirí fuascailte agus sealbhóirí aonad nó scairshealbhóirí eile.

(23) Chun comhchuibhiú comhleanúnach a áirithiú i réimse an bhainistithe riosca leachtachta ag bainisteoirí cistí neamhiata, ba cheart do ESMA treoirilínte a eisiúint chun an próiseas a shonrú maidir le LMTanna a roghnú agus a úsáid chun cóineasú margaidh agus maoirseachta a éascú.

(24) *scriosta*

(25) Tá ról tábhachtach ag taisclanna maidir le leasanna na n-infheisteoirí a choimirciú agus ba cheart dóibh a bheith in ann a ndualgais a chomhlíonadh gan beann ar an gcineál taisceánaí a gcoinníonn sócmhainní an chiste slán. Dá bhrí sin, is gá taisclanna lárnacha urrús (CSDanna) a chur san áireamh sa slabhra cumhdaigh nuair a sholáthraíonn siad seirbhísí cumhdaigh do CIManna chun a áirithiú, i ngach cás, go bhfuil sreabhadh faisnéise chobhsaí idir taisceánach shócmhainn CIM agus an taisce. Chun iarrachtaí iomarcacha a sheachaint, níor cheart do na taisclanna dícheall cuí ex-ante a dhéanamh i gcás ina bhfuil sé beartaithe acu cumhdach a tharmligean chuig CSDanna.

(26) Chun feabhas a chur ar chomhoibriú agus éifeachtacht maoirseachta, ba cheart do na húdaráis inniúla óstacha a bheith in ann iarraidh réasúnaithe a dhíriú chuig údarás inniúil BCIM agus chun gníomh maoirseachta a ghlacadh i gcoinne BCIM ar leith.

(27) Ina theannta sin, chun feabhas a chur ar chomhoibriú maoirseachta, ba cheart do ESMA a bheith in ann a iarraidh ar údarás inniúil cás a chur in iúl do ESMA i gcás ina bhfuil impleachtaí trasteorann ag an gcás sin agus go bhféadfadh tionchar a bheith aige ar chosaint infheisteoirí nó ar chobhsaíocht airgeadais. Leis na hanailísí a dhéanann ESMA, tabharfar tuiscint níos fearr ar na saincheisteanna a pléadh d'údaráis inniúla eile agus cuirfear le cásanna comhchosúla amach anseo a chosc agus cosnófar sláine an mhargaidh CIM.

(28) Chun tacú le cóineasú maoirseachta i réimse an tarmligin, ba cheart do ESMA tuiscint níos fearr a fháil ar chur i bhfeidhm fhorálacha na Treorach seo, lena n-áirítear i réimse na maoirseachta agus an rialaithe iomchuí ar na socrúithe tarmligin, sna Ballstáit uile. Chuige sin, ba cheart dó tarraingt ar oibleagáidí um tuairisciú do na húdaráis inniúla, agus ar fheidhmiú a gcumhachtaí cóineasaithe maoirseachta i réimse tharmligean a gcumhachtaí cóineasaithe maoirseachta, sula ndéanfar an chéad athbhreithniú eile ar an Treoir seo. Leis an anailís a dhéanfaidh ESMA ar na sonraí arna mbailiú agus ar thorthaí fheidhmiú a chumhachtaí maidir le cóineasú maoirseachta, cuirfear ar fáil i dtuarascáil í a sholáthrófar sula gcuirfear tús leis an athbhreithniú, ina ndéanfar anailís ar chleachtais mhargaidh maidir le tarmligean, rialacha substainte, eintitis bosca poist a chosc agus comhlíonadh cheanglais ghaolmhara na Treorach agus ina gcuirfear in iúl aon bhearta breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun tacú le héifeachtacht na gcóras tarmligin a leagtar síos i dTreoir 2011/61/AE.

(28a) Ní dhéanann BCIM cistí a mhargú go díreach i gcónaí, uaireanta is dáileoir amháin nó roinnt dáileoirí a dhéanann an margú sin thar ceann BCIM nó thar a gceann féin. D'fhéadfadh cásanna a bheith ann freisin ina ndéanann comhairleoir airgeadais neamhspleách ciste a mhargú i ngan fhios do BCIM. Tá formhór na ndáileoirí cistí faoi réir ceanglais rialála de bhun Threoir 2014/65/AE nó Threoir (AE) 2016/97, lena sainítear raon feidhme agus méid a bhfreagrachtaí i leith a gcliant féin. Dá bhrí sin, ba cheart éagsúlacht na socruithe dáileacháin a aithint leis an Treoir seo agus na coimirce atá ann cheana a aithint le haghaidh na socruithe trína ngníomhóidh dáileoir thar a cheann féin nuair a mhargaíonn sé GCUI faoi Threoir 2014/65/AE nó trí tháirgí infheistíochta árachas saoil i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/97, agus sa chás sin níor cheart feidhm a bheith ag forálacha na Treorach seo maidir le tarmligeán gan beann ar aon chomhaontú dáileacháin idir an chuideachta bainistíochta agus an dáileoir.

(29) Ní bhíonn soláthar iomaíoch ar sheirbhísí taisce ag roinnt margaí comhchruinnithe. Chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas sin de sholáthraithe seirbhíse a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le costais mhéadaithe ar BCIManna agus le margadh CIM nach bhfuil chomh héifeachtúil céanna, d'fhéadfadh na Ballstáit údaráis inniúla a údarú cead a thabhairt do BCIManna nó CIManna seirbhísí taisclainne atá lonnaithe i mBallstáit eile a sholáthar. Chun a áirithiú nach macasamhlú é an t-údarú féideartha sin taisclann a cheapadh i mBallstát eile ar phas taisce, níor cheart é a úsáid ach amháin nuair a chomhlíontar coinníollacha a shainítear sa Treoir seo agus le formheas roimh ré ó údaráis inniúla CIM. Ós rud é nár cheart an t-údarú chun seirbhísí taisclainne atá lonnaithe i mBallstáit eile a fháil a dheonú go huathoibríoch, fiú nuair a chomhlíontar na coinníollacha thuasluaite, ba cheart do na húdaráis inniúla a bhformheas roimh ré a dheonú bunaithe ar mheasúnú cás ar chás ar easpa seirbhísí taisce ábhartha i ndlínse CIM, i bhfianaise straitéis infheistíochta an CIM sin.

(30) Ba cheart scaipeadh maoirseachta méadaithe a bheith ag gabháil le deis a thabhairt taisce a cheapadh i mBallstát eile. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar an taisce dul i gcomhar ní hamháin lena n-údaráis inniúla féin ach le húdaráis inniúla an CIM lenar ceapadh í freisin agus le húdaráis inniúla an BCIM a bhainistíonn an CIM, má tá na húdaráis inniúla sin lonnaithe i mBallstát difriúil ná an Ballstát ina bhfuil an taisce lonnaithe.

(31) Chun cosaint níos fearr a thabhairt d'infheisteoirí, ba cheart an sreabhadh faisnéise ó BCIManna go hinfeisteoirí CIM a mhéadú. Chun a chur ar chumas infheisteoirí CIM costais an chiste infheistíochta a rianú ar bhealach níos fearr, ba cheart do BCIManna na táillí a shainaithint a íocfaidh BCIM nó a chleamhnaithe, chomh maith le tuarascáil a thabhairt go tréimhsiúil maidir le gach táille agus muirir a leithdháiltear go díreach nó go hindíreach ar CIM nó ar aon cheann dá infheistíochtaí. Ba cheart a cheangal ar BCIManna freisin tuarascáil a thabhairt d'infheisteoirí maidir le comhdhéanamh punainne na n-iasachtaí a thionscnaítear.

(32) Chun trédhearcacht sa mhargadh a mhéadú agus chun sonraí margaidh CIM atá ar fáil a úsáid go héifeachtach, ba cheart do ESMA a bheith in ann sonraí an mhargaidh atá ar fáil dó a nochtadh i bhfoirm comhiomlán nó achoimre agus dá bhrí sin, ba cheart an caighdeán rúndachta a mhaolú lena bhféadfaí na sonraí sin a úsáid.

(33) Ba cheart rochtain ar an margadh inmheánach a bhunú ar bhealach a áiritheoidh cothroime iomaíochta do na rannpháirtithe uile sa mhargadh, rud nach mór ceanglais a chur i bhfeidhm dó chun an rochtain sin a chomhchuíbhiú. Ba cheart na ceanglais atá ar eintitis trío tíortha a bhfuil rochtain acu ar an margadh inmheánach a ailíniú leis na caighdeáin a leagtar síos sa chomhghníomhaíocht a dhéanann na Ballstáit an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann le dlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach agus i dTreoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ba cheart go n-áiritheofaí leis na ceanglais freisin malartú iomchuí agus éifeachtach faisnéise maidir le cúrsaí cánach i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta amhail na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal, chun malartú éifeachtúil faisnéise a áirithiú lena gceadaítear d'údaráis inniúla na mBallstát ábhartha a ndualgais a dhéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo.

(34) Le Treoir 2009/65/CE, ba cheart coinníollacha inchomparáide a áirithiú do chuideachtaí bainistíochta GCUI i gcás nach bhfuil aon chúis difríochtaí rialála a choinneáil ar bun le haghaidh GCUI agus BCIManna. Baineann sé sin le córas toscaireachta, cóir rialála taisceánach, ceanglais tuairiscithe maoirseachta agus infhaighteacht agus úsáid LMTanna.

(35) Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas atá ar chuideachtaí bainistíochta GCUI maidir le substaintí a áirithiú, ba cheart a shoiléiriú gur cheart do chuideachtaí bainistíochta faisnéis a sholáthar do na húdaráis inniúla maidir leis na hacmhainní daonna agus teicniúla a úsáidfídh siad chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus, i gcás inarb infheidhme, chun toscairí a mhaoirsiú, tráth an churtha i bhfeidhm le haghaidh údaraithe. Ba cheart ar a laghad beirt bhainisteoirí shinsearacha a fhostú nó ba cheart dóibh gnó na cuideachta bainistíochta a dhéanamh ar bhonn lánaimseartha agus iad a bheith ina gcónaí san Aontas. Gan beann ar an íosmhéid reachtúil sin, d'fhéadfadh níos mó acmhainní a bheith ag teastáil ag brath ar mhéid agus ar chastacht na cuideachta bainistíochta.

(36) Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Threoir 2009/65/CE a áirithiú, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag na rialacha tarmligin a leagtar síos in Airteagal 13 den Treoir sin maidir leis na feidhmeanna uile a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin agus maidir leis na seirbhísí coimhdeacha dá dtagraítear in Airteagal 6(3) den Treoir sin.

(37) Chun creataí dlíthiúla Threoir 2011/61/AE agus Threoir 2009/65/CE a ailíniú maidir le tarmligean, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí bainistíochta GCUI údar a thabhairt do na cuideachtaí inniúla maidir le tarmligean a bhfeidhmeanna agus cúiseanna oibiachtúla le haghaidh an tarmligin.

(38) Chun forléargas iontaofa a fhorbairt ar ghníomhaíochtaí tarmligin san Aontas a rialaítear le hAirteagal 13 de Threoir 2009/65/CE agus chun treoir a thabhairt le haghaidh gníomhaíochtaí maoirseachta amach anseo, ba cheart do chuideachtaí bainistíochta faisnéis a sholáthar go tráthrialta d'údaráis inniúla an GCUI a bhainistíonn siad faoi na socruithe tarmligin a mbaineann tarmligean feidhmeanna comhchoiteanna nó lánroghnacha bainistithe punainne nó bainistithe riosca leo. Dá bhrí sin, ba cheart do chuideachtaí bainistíochta faisnéis a thuairisciú maidir leis na tarmligin, liosta na ngníomhaíochtaí tarmligthe agus tuairisc orthu, an méid sócmhainní agus an céatadán sócmhainní ag an GCUI faoi bhainistiú atá faoi réir socruithe tarmligin a bhaineann leis an bhfeidhm bainistithe punainne, tuairisc ar an gcaoi a ndéanann an chuideachta bhainistíochta maoirseacht, faireachán agus rialú ar an tarmligean, faisnéis faoi na socruithe fotharmligin agus dáta tosaithe agus éaga na socruithe tarmligin agus fo-tharmligin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart a shonrú go mbailítear na sonraí maidir leis an gcéatadán sócmhainní ag an GCUI faoi bhainistiú atá faoi réir socruithe tarmligin a bhaineann leis na feidhmeanna bainistithe punainne chun forléargas níos fearr a thabhairt ar oibriú an tarmligin, agus nach táscaire fianaiseach iontu féin iad chun leordhóthanacht substainte nó bainistithe riosca a chinneadh, ná chun éifeachtacht na maoirseachta nó na socruithe rialaithe ar leibhéal an bhainisteora a chinneadh. Ba cheart faisnéis den sórt sin a chur in iúl mar chuid de na tuarascálacha tráthrialta atá le soláthar ag cuideachtaí bainistíochta dá n-údaráis inniúla.

(39) *scriosta*

(40) Chun na rialacha tarmligin is infheidhme do BCIManna agus do GCUI a ailíniú tuilleadh agus chun cur i bhfeidhm Threoir 2011/61/AE agus Threoir 2009/65/CE níos aonfhoirmí a bhaint amach, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith na gcoinníollacha le haghaidh tarmligean ó chuideachta bainistíochta GCUI chuig tríú páirtí a shonrú agus na gcoinníollacha faoinar féidir a mheas gur eintiteas bosca poist é cuideachta bainistíochta GCUI agus dá bhrí sin nach féidir a mheas gurbh é bainisteoir GCUI é a thuilleadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹⁸. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(41) Leis an Treoir seo, cuirtear chun feidhme moltaí BERS chun LMTanna agus an úsáid a bhaineann bainisteoirí na gcisté frithpháirteacha a chomhchuíbiú, lena n-áirítear GCUI, chun freagairt níos éifeachtaí ar bhrúnna leachtachta i dtráth anáis sa mhargadh a bheith ann agus chun infheisteoirí a chosaint ar bhealach níos fearr.

¹⁸ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(42) Chun a chur ar chumas chuideachtaí bainistíochta GCUI atá bunaithe in aon Bhallstát déileáil le brúnna fuascailte faoi dhálaí anáis sa mhargadh, ba cheart a cheangal orthu tacar oiriúnach LMTanna a chinneadh, lena n-áirítear ar a laghad dhá LMT a roghnú ón liosta comhchuibhithe a leagtar amach san Iarscríbhinn, de bhreis ar an bhféidearthacht fuascailtí a chur ar fionraí agus taobhphócaí a ghníomhachtú, in imthosca eisceachtúla agus ar mhaithe le leas a sealbhóirí aonad. De mhaolú air sin, níor cheart don chuideachta bainistíochta a bheith in ann ach LMT amháin a roghnú ó Iarscríbhinn IIA i gcás ina bhfuil an GCUI sin údaraithe mar chiste margaidh airgid. Nuair a ghlacann cuideachta bainistíochta cinneadh chun LMT a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú, ba cheart dó fógra a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta go comhuaineach leis an ngníomhachtú. Nuair a dhéantar taobhphócaí a ghníomhachtú, ba cheart fógra a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta, laistigh de thréimhse ama réasúnta roimh an ngníomhachtú sin. Cé nach dtugtar an chumhacht d'údaráis inniúla úsáid uirlise bainistithe leachtachta a fhorghnó sula ndéanfar í a ghníomhachtú, d'fhágfadh an ceanglas fógra sin go mbeadh na húdaráis mhaoirseachta in ann déileáil ar bhealach níos fearr le hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ar theannas leachtachta sa mhargadh i gcoitinne. Níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin ach amháin maidir le fuascailtí, geataí fuascailte agus taobhphócaí a chur ar fionraí ós rud é go bhféadfaí LMTanna eile a úsáid go minic faoi ghnáth-dhálaí an mhargaidh. Mar sin féin, ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith fós in ann fógraí i leith na LMTanna eile sin a iarraidh, má mheasann siad gurb iomchuí sin, mar shampla i gcás ina modhnaítear príomhpharaiméadair na n-uirlisí sin nó i gcás ina ndéantar fuascailt chomhchineáil a ghníomhachtú.

(43) Chun a bheith in ann cinneadh infheistíochta a dhéanamh i gcomhréir lena bhfonn riosca agus lena riachtanais leachtachta, ba cheart na coinníollacha le haghaidh úsáid LMTanna a chur in iúl d'infheisteoirí GCUI. Go háirithe, agus chun cosaint infheisteoirí a neartú, ba cheart a shonrú nach bhfuil sé oiriúnach d'infheisteoirí miondíola fuascailt chomhchineáil a úsáid agus nár cheart í a ghníomhachtú, dá bhrí sin, ach chun freastal ar iarrataí fuascailte ó infheisteoirí gairmiúla, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na rioscaí a bhaineann cóir neamhionann idir infheisteoirí fuascailte agus sealbhóirí aonad eile.

(44) *scriosta*

(45) Chun comhchuibhiú comhleanúnach a áirithiú i réimse an bhainistithe riosca leachtachta ag bainisteoirí GCUI, ba cheart do ESMA treoirlínte a eisiúint chun an próiseas a shonrú maidir le LMTanna a roghnú agus a úsáid chun cóineasú margaidh agus maoirseachta a éascú.

(46) Chun tacú le faireachán margaidh a dhéanann na húdaráis mhaoirseachta, ba cheart feabhas a chur ar bhailiú agus ar roinnt na faisnéise a dhéantar trí thuairiscí maoirseachta trí GCUI a chur faoi réir oibleagáidí tuairiscithe maoirseachta. Ba cheart a iarraidh ar na ESAnna agus ar BCE, le tacaíocht ó na húdaráis inniúla náisiúnta i gcás inar gá, measúnú a dhéanamh ar riachtanais sonraí na n-údarás maoirseachta éagsúil i bhfianaise na gceanglas tuairiscithe atá ann cheana faoi reachtaíocht eile an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta eile, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, Rialachán (AE) Uimh. 2019/834, Rialachán (AE) Uimh. 1011/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 1073/2013. Le toradh na hoibre ullmhúcháin sin, bheifí in ann cinneadh beartais eolasaigh a dhéanamh maidir lena mhéid ar cheart do GCUI tuarascáil a thabhairt, agus cén fhoirm inar cheart í a thabhairt, do na húdaráis inniúla maidir lena dtrádálacha, leachtacht a sócmhainní, roghnú agus gníomhachtú uirlisí bainistithe leachtachta agus a bpróifil riosca. Má chinneann ESMA go bhfuil údar le faisnéis ghráinneach faoi na hábhair sin, ba cheart freastal ar leathnú riachtanach an raon feidhme tuairiscithe le forálacha Threoir 2009/65/CE.

(47) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach na n-oibleagáidí tuairiscithe maoirseachta a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 agus le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹ chun ábhar, foirmeacha agus nósanna imeachta a leagan amach chun an próiseas tuairiscithe maoirseachta a dhéanann GCUI a chaighdeánú. Ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh ar bhonn dréachta arna fhorbairt ag ESMA. Ba cheart an fhaisnéis atá le tuairisciú ar shocruithe tarmligin a leagan amach go soiléir i dtéacs Threoir 2009/65/CE. Maidir leis an bhfaisnéis sin, ba cheart an caighdeán teicniúil rialála a bheith fós teoranta don leibhéal iomchuí caighdeánaithe ar an bhfaisnéis a leagan amach atá le tuairisciú mar a shainítear i dTreoir 2009/65/CE, gan aon eilimintí a chur leis nach bhforáiltear dóibh i dtéacs na Treorach sin.

¹⁹ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(48) Chun an próiseas tuairiscithe maoirseachta a chaighdeánú, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna bhforbairt ag ESMA a ghlacadh a mhéid a bhaineann leis na foirmeacha agus na caighdeáin sonraí, leis an minicíocht tuairiscithe agus le huainiú an tuairiscithe ag GCUI. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

(49) Chun cosaint infheisteoirí a áirithiú, go háirithe chun a áirithiú go bhfuil sreabhadh faisnéise chobhsaí idir taisceánach shócmhainn GCUI agus an taisce, ba cheart an córas taisce a leathnú chun CSDanna a chur san áireamh sa slabhra cumhdaigh nuair a sholáthraíonn siad seirbhísí cumhdaigh do GCUI. Chun iarrachtaí iomarcacha a sheachaint, níor cheart do na taisclanna dícheall cuí ex-ante a dhéanamh i gcás ina bhfuil sé beartaithe acu cumhdach a tharmligean chuig CSDanna.

(50) Chun tacú le cóineasú maoirseachta i réimse an tarmligin, ba cheart do ESMA tuiscint níos fearr a fháil ar chur i bhfeidhm fhorálacha na Treorach seo, lena n-áirítear i réimse na maoirseachta agus an rialaithe iomchuí ar na socruithe tarmligin, sna Ballstáit uile. Chuige sin, ba cheart dó tarraingt ar oibleagáidí um tuairisciú do na húdaráis inniúla, agus ar fheidhmiú a gcumhachtaí cóineasaithe maoirseachta i réimse tharmligean a gcumhachtaí cóineasaithe maoirseachta, sula ndéanfar an chéad athbhreithniú eile ar an Treoir seo. Leis an anailís a dhéanfaidh ESMA ar na sonraí arna mbailiú agus ar thorthaí fheidhmiú a chumhachtaí maidir le cóineasú maoirseachta, cuirfear ar fáil i dtuarascáil í a sholáthrófar sula gcuirfear tús leis an athbhreithniú, ina ndéanfar anailís ar chleachtais mhargaidh maidir le tarmligean, rialacha substainte, eintitis bosca poist a chosc agus comhlíonadh cheanglais ghaolmhara na Treorach agus ina gcuirfear in iúl aon bhearta breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun tacú le héifeachtacht na gcóras tarmligin a leagtar síos i dTreoir 2009/65/AE.

(51) Chun feabhas a chur ar chomhoibriú agus éifeachtacht maoirseachta, ba cheart d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh a bheith in ann aghaidh a thabhairt ar iarraidh réasúnaithe chuig údarás inniúil Bhallstát baile GCUI chun gníomh maoirseachta a ghlacadh i gcoinne GCUI ar leith.

(52) Ina theannta sin, chun feabhas a chur ar chomhoibriú maoirseachta, ba cheart do ESMA 0a bheith in ann a iarraidh ar údarás inniúil cás a chur in iúl do ESMA i gcás ina bhfuil impleachtaí trasteorann ag an gcás sin agus ina bhféadfadh tionchar a bheith aige ar chosaint infheisteoirí nó ar chobhsaíocht airgeadais. Leis na hanailísí a dhéanann ESMA, tabharfar tuiscint níos fearr d'údaráis inniúla eile ar na saincheisteanna a pléadh agus cuirfear le cásanna comhchosúla amach anseo a chosc agus cosnófar sláine na margaí GCUI.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2011/61/AE

Leasaítear Treoir 2011/61/AE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 4(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe (ap) mar a leanas leis:

ciallaíonn ‘(ap) taisclann lárnach urrús’ taisclann lárnach urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*

* Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1)’;

(b) cuirtear an pointe (ca) seo a leanas isteach:

‘(ca) ciallaíonn ‘caipiteal’ ranníocaíochtaí caipitil comhiomlána agus caipiteal geallta neamhghlaite, arna ríomh ar bhonn méideanna in-infheistithe tar éis na táillí, na muirir agus na costais uile a iompraíonn na hinfheisteoirí go díreach nó go hindíreach a asbhaint;’

(c) cuirtear isteach na pointí (va), (vb) agus (vc) seo a leanas:

‘(va) ciallaíonn ‘iasacht a thionscnamh’ iasacht arna deonú ag CIM mar iasachtóir bunaidh;

(vb) ciallaíonn ‘iasacht scairshealbhóra’ airleacan ar chuntas reatha arna dheonú ag CIManna do ghnóthas ina bhfuil 5 % ar a laghad den chaipiteal nó de na cearta vótála ina sheilbh aige go díreach nó go hindíreach agus nach féidir a dhíol le tríú páirtithe go neamhspleách ar na hionstraimí caipitil atá i seilbh an CIM sa ghnóthas céanna;

(vc) ciallaíonn ‘CIM gearála’ CIM a bhfuil a neamhchosaintí méadaithe ag an BCIM atá i mbun bainistíochta, cibé acu trí airgead tirim nó urrúis a fháil ar iasacht, nó gearáil atá leabaithe i suíomhanna díorthacha nó ar aon mhodh eile.

(2) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 4, pointe (b), cuirtear isteach an pointe (iv) seo a leanas:

‘(iv) aon seirbhís choimhdeach eile ina bhfuil an tseirbhís choimhdeach ag leanúint de na seirbhísí atá déanta cheana ag BCIM i gcomhréir le hIarscríbhinn I, agus nach gcruthaíonn coinbhleachtaí leasa nach bhféadfaí a bhainistiú le rialacha breise;’

(b) i mír 4, cuirtear isteach pointe (c) agus pointe (d):

‘(c) riar tagarmharcanna i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1011;

(d) seirbhísiú creidmheasa i gcomhréir le Treoir 2021/2167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Gan dochar d’ionstraimí eile de dhlí an Aontais, féadfaidh Ballstáit toirmeasc a chur ar CIManna seirbhísiú a dhéanamh ar chreidmheasanna a thugtar do thomhaltóirí de réir bhrí Airteagal 3(a) de Threoir 2008/48/CE ina gcríoch féin;’

(c) Leasaítear mír 5 mar a leanas:

(i) scriostar pointe (b);

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (c):

‘na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe 2, i bpointe 3 nó i bpointe 4 d’Iarscríbhinn I, agus iadsan amháin; nó’

(iii) cuirtear an pointe (e) seo a leanas isteach:

‘(e) riar tagarmharcanna a úsáidtear ina CIManna bainistithe.’

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Beidh feidhm ag Airteagal 9(2) de Threoir 2019/2034/AE, Airteagal 15, Airteagal 16 cé is moite den chéad fhomhír de mhír (5), agus Airteagail 23, 24 agus 25 de Threoir 2014/65/AE i gcás ina soláthróidh BCIManna na seirbhísí dá dtagraítear i mír 4, pointí (a) agus (b).’;

(3) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ceanglóidh na Ballstáit ar BCIM a iarann ar údarú an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis an BCIM a sholáthar faoi bhráid údaráis inniúla a Bhallstáit baile:

(a) faisnéis maidir leis na daoine a dhéanann gnó BCIM go héifeachtach, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na feidhmeanna dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:

(i) miontuairisc ar an ról, teideal agus leibhéal na sinsearachta atá acu;

(ii) tuairisc ar a línte tuairiscithe agus a bhfreagrachtaí san BCIM agus taobh amuigh den BCIM;

(iii) forléargas ar an am a leithdháileann siad ar gach freagracht;

(iv) tuairisc ar na hacmhainní teicniúla agus daonna lena dtacaítear lena ngníomhaíochtaí;

- (b) faisnéis maidir le haitheantais scairshealbhóirí nó chomhaltaí BCIM, cibé faisnéis dhíreach nó indíreach, cibé daoine nádúrtha nó dlítheanacha, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu agus faisnéis maidir le méideanna na sealúchas sin;
- (c) clár gníomhaíochta lena leagtar amach struchtúr eagrúcháin BCIM, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag BCIM a n-oibleagáidí faoi Chaibidil II, III, IV agus i gcás inarb infheidhme, Chaibidil V, VI, VII agus VIII a chomhlíonadh, agus úsáidfidh BCIM miontuairisc na n-acmhainní daonna agus teicniúla iomchuí chuige sin;
- (d) faisnéis maidir leis na beartais agus na cleachtais luacha saothair de bhun Airteagal 13;
- (e) faisnéis maidir leis na socruithe arna ndéanamh le haghaidh tarmligean agus fotharmligean chuig tríú páirtithe na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 20 agus miontuairisc ar na hacmhainní daonna agus teicniúla atá le húsáid ag BCIM chun faireachán a dhéanamh ar an toscaire agus é a rialú.

Ceanglóidh na Ballstáit ar BCIManna údaraithe an fhaisnéis a chuirtear ar fáil dá údarais iniúla a choinneáil cothrom le dáta.’

(b) cuirtear an mhír 8 seo a leanas leis:

‘8. Sula gcuirfeadh tús leis an athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 69b, déanfaidh ESMA tuarascáil a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún ina ndéanfar anailís ar chleachtais mhargaidh maidir le tarmligean agus comhlíonadh Airteagal 7 agus Airteagal 20, a bheidh bunaithe, *inter alia*, ar na sonraí a thuairiscítear d’údaráis inniúla i gcomhréir le pointe (d) d’Airteagal 24(2) agus ar fheidhmiú a chumhachtaí um chóineasú maoirseachta.’;

(4) In Airteagal 8(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (c):

‘(c) go bhfuil dea-cháil leordhóthanach ar na daoine a dhéanann gnó BCIM go héifeachtach agus go bhfuil tairbhí leordhóthanach acu freisin i ndáil leis na straitéisí infheistíochta atá á saothrú le CIM atá á bhainistiú ag BCIM, ainmneacha na ndaoine sin agus ainm gach duine a thagann ina ndiaidh san oifig a chuirtear in iúl d’údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM gan mhoill agus gnó BCIM a dhéanamh a bhíonn á bheartú ag beirt nádúrtha ar a laghad atá fostaithe go lánaimseartha ag an BCIM sin, nó atá tiomanta go lánaimseartha chun gnó an BCIM sin a dhéanamh agus ar daoine iad atá ina gcónaí san Aontas, agus a chomhlíonann na coinníollacha sin.’

(5) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

‘(d) do ghníomhaíochtaí lena dtionscnaítear iasachtaí, beartais, nósanna imeachta agus próisis éifeachtacha a chur chun feidhme chun creidmheas a dheonú. I gcás ina ndéanann siad gníomhaíochtaí a bhaineann le hiasachtaí a thionscnamh nó iasachtaí a cheannach ó thríú páirtithe, cuirfidh siad chun feidhme beartais, nósanna imeachta agus próisis éifeachtacha maidir le measúnú a dhéanamh ar an riosca creidmheasa agus a bpunann creidmheasa a riar agus faireachán a dhéanamh air, coinneoidh siad cothrom le dáta agus éifeachtach na beartais, na nósanna imeachta agus na próisis sin agus déanfaidh siad athbhreithniú rialta orthu agus ar a laghad uair amháin gach bliain.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach mbeidh feidhm ag an gceanglas a leagtar amach sa chéad fhomhír de phointe (d) de mhír 3 maidir le tionscnamh iasachtaí scairshealbhóirí, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas i dtaobh na n-iasachtaí scairshealbhóirí sin:

(i) nach mó san iomlán ná 100 % de chaipiteal an CIM; nó

(ii) go ndeonaítear iad do ghnóthais phunainne a fhaigheann agus a bhainistíonn eastát réadach nó rannpháirtíochtaí i gcuideachtaí eastáit réadaigh, agus ina bhfuil seilbh dhíreach nó indíreach ag an CIM ar 100 % den chaipiteal nó de na cearta vótála. Beidh feidhm ag an gceanglas sin ar bhonn trébhreathnaitheach maidir le sócmhainní foluiteacha arna rialú go díreach nó go hindíreach ag an CIM nó ag an BCIM atá ag gníomhú thar ceann CIM.’

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas 4a go 4f isteach idir míreanna 4 agus 5:

‘4a. Áiritheoidh BCIM nach mbeidh níos mó ná 20 % de chaipiteal CIM i gceist le hiasacht arna thionscnamh chuig aon iasachtaí aonair trí bhíthin an CIM atá á bhainistiú aige, i gcás inarb é ceann díobh seo a leanas an t-iasachtaí:

(a) gnóthas airgeadais de réir bhrí Airteagal 13(25) de Threoir 2009/138/CE;

(b) CIM de réir bhrí phointe (a) d’Airteagal 4(1) den Treoir seo; nó

(c) gnóthas le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe de réir bhrí Airteagal 1(2) de Threoir 2009/65/CE.’

Chun a chinneadh an gcomhlíontar an srian a leagtar amach sa chéad fhomhír, cuirfidh BCIM le chéile na hiasachtaí a thionscain an CIM a bhainistíonn sé agus neamhchosaintí iasachta an CIM sin arna bhfáil trí mheán sainchuspóireach a thionscnaíonn iasachtaí don CIM nó thar a cheann i leith CIM.

Beidh an srian a leagtar amach sa chéad fhomhír gan dochar do na tairseacha, na srianta agus na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/760²⁰, (AE) 345/2013²¹ agus (AE) 346/2013²².

²⁰ Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha (IO L 123, 19.5.2015, lgh. 98–121).

²¹ Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí caipitil fontair Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lgh. 1–17).

²² Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lgh. 18–38).

4aa. Áiritheoidh BCIM nach mó ná 150 % de ghlanluach sócmhainní an CIM an gh iaráil a ghabhann le CIM lena dtionscnaítear iasachtaí atá á bhainistiú aige.

Sloinnfear an gh iaráil mar an cóimheas idir neamhchosaint CIM, arna ríomh de réir an mhodha gealltanais arna shainiú trí bhíthin na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 4(3), agus a ghlanluach sócmhainní.

Maidir le socruithe iasachtaíochta ar de chineál sealadach iad agus a chumhdaítear go hiomlán le gealltanais chaipitil chonarhacha ó infheisteoirí sa CIM, ní mheasfar gur iaráil iad chun críocha na míre seo.

Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach sa chéad fhomhír maidir le CIManna a ghnóthaíonn neamhchosaint ar iasacht trí fheithicil shainchuspóireach a thionscnaíonn iasacht le haghaidh CIM nó BCIM nó thar a cheann i leith CIM.

Féadfaidh Ballstáit a chinneadh nach mbeidh feidhm ag an gceanglas a leagtar amach sa chéad fhomhír maidir le CIManna nach ndéanann de ghníomhaíochtaí iasachtaithe ach iasachtaí scairshealbhóirí a thionscnamh, ar choinníoll:

(i) nach mó san iomlán ná 100 % de chaipiteal an CIM; nó

(ii) go ndeonaítear iad do ghnóthais phunainne a fhaigheann agus a bhainistíonn eastát réadach nó rannpháirtíochtaí i gcuideachtaí eastáit réadaigh, agus ina bhfuil seilbh dhíreach nó indíreach ag an CIM ar 100 % den chaipiteal nó de na cearta vótála. Beidh feidhm ag an gceanglas sin ar bhonn trébhreathnaitheach maidir le sócmhainní foluiteacha arna rialú go díreach nó go hindíreach ag an CIM nó ag an BCIM atá ag gníomhú thar ceann CIM.

4b. Maidir leis an teorainn infheistíochta de 20 % a leagtar síos i mír 4a:

(a) beidh feidhm aici faoin dáta a shonraítear i rialacha nó ionstraimí corpraithe CIM nó ina réamheolaire. Ní bheidh an dáta sin níos faide ná 24 mhí ón dáta a thairgeann an CIM scaireanna den chéad uair le haghaidh suibscríbhíne.

(b) ní bheidh feidhm aici a luaite agus a thosóidh BCIM ag díol sócmhainní chun aonaid nó scaireanna infheisteoirí a fhuascailt mar chuid d'fhoirceannadh CIM;

(c) fionrófar í go sealadach le haghaidh tréimhse ama suas le 12 mhí i gcás ina dtiomsóidh BCIM caipiteal breise nó ina laghdóidh sé an caipiteal atá aige cheana.

4c. Maidir leis an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 4b, cuirfear san áireamh ann gnéithe agus saintréithe ar leith de chuid na sócmhainní a bheidh le hinfheistiú ag an CIM. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh údarás inniúil BCIM, tráth a cuireadh plean infheistíochta isteach a bhfuil údar cuí leis, fadú ar an teorainn ama seo nach mó ná aon bhliain bhreise amháin a fhorghas.

4d. Áiríteoidh an BCIM nach dtabharfaidh CIM iasachtaí do na heintitis seo a leanas:

(a) a BCIM féin ná foireann a BCIM féin;

(b) a thaiscí gona thoscairí;

(c) an t-eintiteas ar tharmlig a BCIM feidhmeanna chuige i gcomhréir le hAirteagal 20 mar aon le foireann an eintitis sin.

(d) eintiteas laistigh den ghrúpa céanna mar a shainmhínítear in Airteagal 2(11) de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ach amháin i gcás inar gnóthas airgeadais é an t-eintiteas sin lena maoinítear iasachtaithe go heisiach nach luaitear i bpointí (a) go

(d) den mhír seo.

4da. Gan dochar d'ionstraimí eile de chuid dhlí an Aontais, féadfaidh Ballstáit toirmeasc a chur ar CIManna a dheonaíonn iasachtaí do thomhaltóirí de réir bhrí Airteagal 3(a) de Threoir 2008/48/CE ar a gcríoch féin. Ní dhéanfaidh sé sin difear do mhargú CIManna a bhíonn i mbun iasachtaí a thabhairt do thomhaltóirí san Aontas.

4e. Ní dhéanfaidh BCIM bainistiú ar CIM arb é is straitéis infheistíochta dó – mar a shonraítear ina rialacha, ionstraim chorpraithe agus réamheolaire ábhartha – iasachtaí a thionscnamh, nó neamhchosaint ar iasachtaí a fháil trí mheán sainchuspóireach a thionscnaíonn iasacht le haghaidh nó thar ceann an CIM nó an BCIM i leith an CIM, agus gan de chríoch aige ach na hiasachtaí nó na neamhchosaintí sin a aistriú chuig tríú páirtithe ('tionscnamh le dáileadh').

4f. Áiritheoidh BCIM go gcoinneoidh an CIM atá á bhainistiú aige, ar feadh na tréimhse dhá bhliain ón dáta sínithe, sin nó go dtaga sé in aibíocht (cibé acu is túisce), 5 % de luach barúlach na n-iasachtaí a thionscain sé, nó a ceannaíodh ó fheithicil shainchuspóireach a thionscnaíonn iasacht le haghaidh CIM nó BCIM nó thar a cheann, agus ar díoladh ina dhiaidh sin le tríú páirtithe é.

De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag an gceanglas a leagtar amach sa chéad fhomhír sna cásanna seo a leanas:

(a) Tosaíonn an CIM ag díol sócmhainní chun aonaid nó scaireanna infheisteoirí a fhuascailt mar chuid d'fhoirceannadh CIM;

(b) Tá an t-iasachtaí nó aon cheann dá scairshealbhóirí faoi réir smachtbhannaí AE; nó

Ní mór an iasacht a dhíol chun nach sáróidh an CIM ceann dá rialacha infheistíochta nó éagsúlaithe agus i gcás ina dtarlódh an sárú féideartha sin ar chúiseanna nach bhfuil smacht ag an CIM orthu agus an BCIM a bhainistíonn é, nó mar thoradh ar chearta suibscríbhinne nó fuascailte a fheidhmiú.'

(6) In Airteagal 16, cuirtear isteach na míreanna 2a go 2h seo a leanas:

‘2a. Áiritheoidh BCIM go n-iatar an iasacht a thionscnaíonn CIM atá á bainistiú aige.

Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach sa chéad fhomhír maidir le CIManna a ghnóthaíonn neamhchosaint ar iasacht trí fheithicil shainchuspóireach a thionscnaíonn iasacht le haghaidh CIM nó BCIM nó thar a cheann i leith CIM.

2aa. De mhaolú ar mhír 2a, féadfaidh CIM lena dtionscnaítear iasachtaí a bheith neamhiata ar choinníoll go bhfuil a chóras bainistithe riosca leachtachta comhoiriúnach lena straitéis infheistíochta agus lena bheartas fuascailte.

2b. Tar éis do BCIM a bhainistiú CIM neamhiata measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht i ndáil leis an straitéis infheistíochta atá á saothrú, leis an bpróifil leachtachta agus leis an mbeartas fuascailte, roghnóidh sé ar a laghad dhá uirlis iomchuí bainistithe leachtachta ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn V, pointí 2 go 7, le haghaidh úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as ar mhaithe le hinfheisteoirí CIM. De mhaolú air sin, ní fhéadfaidh an BCIM ach aon uirlis bainistithe leachtachta amháin a roghnú ó Iarscríbhinn V, pointí 2 go 7, le haghaidh CIM atá á bhainistiú aige, má tá an CIM sin údaraithe mar chiste margaidh airgid i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1131.

Cuirfidh BCIM beartais mhionsonraithe agus nósanna imeachta chun aon uirlis bainistithe leachtachta arna roghnú a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú agus le haghaidh na socruithe oibríochtúla agus riaracháin chun an t-uirlis sin a úsáid. Cuirfear an cinneadh agus na mínithe ábhartha sin in iúl d’údaráis inniúla Bhallstát baile an CIM.

Ní féidir fuascailt chomhchineáil dá dtagraítear i bpointe 7 d'Iarscríbhinn V a ghníomhachtú ach chun freastal ar na fuascailtí arna n-iarraidh ag infheisteoirí gairmiúla agus i gcás ina gcomhfhreagraíonn an fuascailt chomhchineáil sin do sciar *pro rata* de na sócmhainní atá i seilbh an CIM.

De mhaolú ar fhomhír 3, ní fhéadfaidh an fuascailt chomhchineáil a bheith ag comhfhreagairt do sciar *pro rata* de na sócmhainní atá i seilbh an CIM mura ndéantar an CIM sin a mhargú ach le hinfeisteoirí gairmiúla nó más rud é gurb é is aidhm le beartas infheistíochta CIM comhdhéanamh stoic nó innéacs urrús fiachais áirithe a mhacasamhlú, agus ina theannta sin más Ciste Trádála Malairte é an CIM sin de réir an tsainmhínte a thugtar in Airteagal 2(26) den MiFIR.

2c. Féadfaidh BCIM a bhainistíonn CIM neamhiata, ar mhaithe le hinfeisteoirí CIM, athcheannach nó fuascailt aonaid nó scaireanna CIM a chur ar fionraí go sealadach nó uirlisí bainistithe leachtachta eile a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú arna roghnú ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn V, pointí 2 go 7 agus a áirítear i rialacha an chiste nó in ionstraimí corpraithe CIM. Ar mhaithe le hinfeisteoirí CIM, chun a áirithiú go bpróiseáiltear suibscríbhinní agus fuascailtí ar phraghas cóir, féadfaidh an BCIM freisin taobhphócaí dá dtagraítear i bpointe 8 d'Iarscríbhinn V a ghníomhachtú, i gcásanna nach féidir leis an BCIM a áirithiú go ndéanfar luacháil chothrom chruinn ar roinnt sócmhainní nó i gcás nach féidir roinnt de na sócmhainní tagtha sin a thrádáil níos mó.

Ní fhéadfar foráil a dhéanamh maidir leis an bhfionraí sealadach agus gníomhachtú taobhphócaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcásanna eisceachtúla ina n-éilítear sin de bharr na n-imthosca agus i gcásanna ina bhfuil údar leis ag féachaint do leasa infheisteoirí CIM.

2d. Tabharfaidh BCIM, gan mhoill, fógra d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile nuair a dhéanann sé fionraithe fuascailtí nó geataí fuascailte a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú dá dtagraítear i bpointí 1 nó 2 d'Iarscríbhinn V.

Cuirfidh BCIM na húdaráis inniúla chéanna ar an eolas agus iad ag gníomhú nó ag díghníomhachtú taobhphócaí dá dtagraítear i bpointe 8 den Iarscríbhinn sin, laistigh de thréimhse ama réasúnta sula ndéanfar an uirlis bainistithe leachtachta sin a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú.

Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar an BCIM fógraí a thabhairt d'údaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM i gcás ina gcinneadh BCIM an fhuascailt chomhchineáil a ghníomhachtú, síneadh a chur leis an tréimhse fógra, nó an táille leachtachta, uasteorainn fhachtóir tarraingthe na praghsála tarraingthe nó uasteorainn na táille tobhaigh frithchaolúcháin a leagtar amach sa réamheolaire ciste a mhéadú, nó an raon idir tairiscint agus iarraidh a mhéadú sa déphraghsáil chun críocha bainistithe leachtachta.

Tabharfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM fógra, gan mhoill, d'údaráis inniúla Bhallstát óstach an BCIM agus ESMA faoi aon fhógraí a gheofar i gcomhréir leis an mír seo agus fógra do BERS faoi aon rioscaí féideartha do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais.

2e. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil ar a laghad na huirlisí bainistithe leachtachta a leagtar amach in Iarscríbhinn V ar fáil do BCIManna a bhainistíonn CIManna neamhiata.

2ee. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na ceanglais sin – nach mór do CIM lena dtionscnaítear iasachtaí a chomhlíonadh chun go mbeidh acu struchtúr neamhiata – a chinneadh. Ba cheart a áireamh sa cheanglas sin eilimintí maidir le roghnú agus úsáid uirlisí bainistithe leachtachta, infhaighteacht sócmhainní leachtacha agus tástáil struis, chomh maith le beartas fuascailte iomchuí i bhfianaise phróifíl leachtachta CIM; ba cheart próifíl riosca agus cineál na n-iasachtaí a chur san áireamh ann freisin.

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’

2f. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun saintréithe na n-uirlisí bainistithe leachtachta a leagtar amach in Iarscríbhinn V a shonrú.

2g. Forbróidh ESMA treoirlínte lena gcinnfear critéir le haghaidh roghnú agus úsáid na n-uirlisí bainistithe leachtachta iomchuí ag BCIManna le haghaidh bainistiú riosca leachtachta, lena n-áirítear nochtuithe iomchuí le hinfheisteoirí, lena gcuirtear san áireamh cumas na n-uirlisí sin buntáistí míchuí a laghdú d’infheisteoirí a dhéanann a n-infheistíochtaí a fhuascailt ar dtús, agus chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais a mhaolú. Áireofar sna treoirlínte sin tásca ar na cúinsí inar féidir taobhphócaí a ghníomhachtú.

2h. Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i míreanna 2ee agus 2f den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;

(7) Leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) Leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘1. BCIManna, a bhfuil sé i gceist acu an cúram a tharmligean chuig tríú páirtithe ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna a liostaítear in Iarscríbhinn I nó na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 6(4) a dhéanamh thar a gceann, tabharfaidh siad fógra d’údaráis inniúla a mBallstáit baile sula dtiocfaidh na socruithe tarmligin i bhfeidhm. Comhlíonfar na coinníollacha seo a leanas.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) ní mór don BCIM a bheith in ann a léiriú go bhfuil an toscaire cáilithe agus go bhfuil sé ar a chumas na feidhmeanna a dhéanamh agus na seirbhísí i gceist a sholáthar, gur roghnaíodh é le cúram cuí agus go bhfuil BCIM in ann faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an ngníomhaíocht tharmligthe tráth ar bith, chun tuilleadh treoracha a thabhairt don toscaire tráth ar bith agus chun an tarmligean a tharraingt siar le héifeacht láithreach nuair is chun leasa na n-infheisteoirí é sin a dhéanamh.’;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ní dhéanfaidh an fíoras gur tharmlig BCIM feidhmeanna chuig tríú páirtí, ná aon fhotharmligean breise difear do dhliteanas BCIM idir é agus a chliant, an CIM agus a infheisteoirí, ná ní dhéanfaidh BCIM a fheidhmeanna a tharmligean sa mhéid nach féidir a mheas, go bunúsach, gurb é bainisteoir CIM nó soláthraí na seirbhísí é, sa mhéid go mbeidh sé ina eintiteas bosca poist.’;

(c) I mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘4. Féadfaidh an tríú páirtí aon cheann de na feidhmeanna agus soláthar na seirbhísí arna dtarmligean chuige a fhotharmligean ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:’;

(d) Cuirtear isteach an mhír seo a leanas, mír 6a:

‘6a. De mhaolú ar mhír 1 go mír 6 den Airteagal seo, i gcás ina bhfuil an fheidhm mhargaíochta dá dtagraítear i mír 2(b) d’Iarscríbhinn I á feidhmiú ag dáileoir amháin nó níos mó, atá ag gníomhú thar a gceann féin agus a mhargaíonn CIM faoi Threoir 2014/65/AE nó trí tháirgí infheistíochta atá árachasbhunaithe i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/97, ní mheasfar gur tarmligean í an fheidhm sin atá faoi réir na gceanglas a leagtar síos sna míreanna thuasluaite beag beann ar aon chomhaontú dáileacháin idir an BCIM agus an dáileoir’

(8) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) I mír 5, cuirtear pointe (c) isteach:

‘(c) Féadfaidh Ballstát baile CIM a cheadú dá údaráis inniúla náisiúnta féin cead a thabhairt, tar éis measúnú cás ar chás, institiúidí dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 21(3) agus atá bunaithe i mBallstát eile a cheapadh mar thaiscí, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(i) go mbeidh iarraidh réasúnaithe faighte ag na húdaráis inniúla ón BCIM lena léireofar nach bhfuil na seirbhísí taisclainne iomchuí in easnamh, i bhfianaise straitéis infheistíochta CIM, chun taiscí a cheapadh i mBallstát eile; agus

(ii) comhlíonann margadh taiscí náisiúnta Bhallstát baile an CIM ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

- is é atá sa mhargadh sin níos lú ná 7 dtaisclann a chuireann seirbhísí taisclainne ar fáil do CIManna de chuid an Aontais (arna n-údarú faoi Airteagal 4(k)(i)) agus arna mbainistiú ag BCIManna de chuid an Aontais (arna n-údarú faoi Airteagal 7(1)) agus i gcás nach mbíonn sócmhainní CIM faoi choimeád ag aon taiscí is mó ná EUR 1 billiún nó a choibhéis in aon airgeadra eile. Faoin tairseach seo, eisiatar taiscí a ghníomhaíonn faoi Airteagal 36(1a) den Treoir seo agus sócmhainní dílse an taiscí féin;

- nach mó méid comhiomlán na sócmhainní faoi choimeád sa mhargadh sin thar ceann CIManna de chuid an Aontais (arna n-údarú faoi Airteagal 4(k)(i) den Treoir seo) agus arna mbainistiú ag BCIManna de chuid an Aontais (arna n-údarú faoi Airteagal 7(1) den Treoir seo) ná méid EUR 30 billiún nó a choibhéis in aon airgeadra eile. Faoin tairseach seo, eisiatar taiscí a ghníomhaíonn faoi Airteagal 36(1a) den Treoir seo agus sócmhainní dílse an taiscí féin;

Fiú má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (i) agus i bpointe (ii), déanfar an t-údarú lena gceadófar taiscí i mBallstát eile a cheapadh a dheonú bunaithe ar mheasúnú a dhéanfar de réir an cháis ar easpa seirbhísí taisclainne ábhartha i ndlínse an CIM, agus i bhfianaise straitéis infheistíochta CIM.

Nuair a bheidh ceapachán taiscí i mBallstát eile á cheadú, tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do ESMA.

Beidh an fhoráil seo gan dochar do chur i bhfeidhm iomlán Airteagal 21, cé is moite de phointe (a) de mhír 5 den Airteagal sin maidir leis an áit ina mbunófar an taisece.’

(b) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):

‘(c) ní shainítear an tríú tír ina mbunaítear an taisece mar thríú tír a bhfuil ardriosca ag baint léi de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849;

(d) na Ballstáit ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna CIM neamh-AE a mhargú, agus a mhéid atá sé difriúil leo, Ballstát baile an BCIM, is iad a shínigh na comhaontú leis an tríú tír ina bhfuil an taisece bunaithe, ar comhaontú é a chomhlíonann na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 den Samhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal go hiomlán agus áiríthítear leis malartú éifeachtach faisnéise maidir le cúrsaí cánach lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha agus ní luaitear an tríú tír in Iarscríbhinn I a ghabhann le conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach;’

(c) Leasaítear mír 11 mar a leanas:

(i) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) d’fheidhmigh an taise gach scil, cúram agus dícheall cuí agus aon tríú páirtí á roghnú agus á gceapadh ar mian leis codanna dá chúraimí a tharmligean chuige, cé is moite de chás inar taisclann lárnach urrús é an tríú páirtí sin ag gníomhú di i gcáil CSD infheisteora mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392* ón gCoimisiún, agus leanann sé de bheith ag feidhmiú gach scil, cúram agus dícheall cuí san athbheithniú tréimhsiúil agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar aon tríú páirtí ar tharmlig sé codanna dá chúraimí chuige agus i socruithe an tríú páirtí i leith na gcúrsaí arna dtarmligean chuige;

* Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2017/392 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le ceanglais údarúcháin, mhaoirseachta agus oibríochtúla le haghaidh taisclanna lárnacha urrús (IO L 65, 10.3.2017, lch. 48)’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú fomhír:

‘Chun críocha an Airteagail seo, ní mheasfar gur tarmligean feidhmeanna cumhdaigh na taise é soláthar seirbhísí ag taisclann lárnach urrús ag gníomhú di i gcáil CSD eisitheora mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 ón gCoimisiún. ‘Chun críocha na míre seo, measfar gur tarmligean feidhmeanna cumhdaigh na taise é soláthar seirbhísí ag taisclann lárnach urrús ag gníomhú di i gcáil CSD infheisteora mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 ón gCoimisiún.’;

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 16:

‘16. An fhaisnéis uile a fuair an taisce agus a cúraimí á ndéanamh aici agus ar fhaisnéis í a d’fhéadfadh a bheith riachtanach d’údaráis inniúla CIM nó BCIM, cuirfidh sí ar fáil í dá húdaráis inniúla, d’údaráis inniúla an CIM a cheap mar thaisce í agus d’údaráis inniúla an BCIM a bhainistíonn an CIM sin, arna iarraidh sin air, . Murab ionann tá údaráis inniúla CIM nó BCIM agus údaráis inniúla an taiscí, i) déanfaidh údaráis inniúla an taiscí an fhaisnéis a fuarthas a roinnt gan mhoill le húdaráis inniúla an CIM agus an BCIM, ii) déanfaidh údaráis inniúla an CIM nó an BCIM aon fhaisnéis is ábhartha maidir le feidhmiú na gcumhachtaí maoirseachta ag údaráis inniúla an taiscí a chomhroinnt gan mhoill.’

(e) I mír 17, leasaítear pointe (c) mar a leanas:

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) na coinníollacha ar faoina réir atá an taiscí in ann a chuid dualgas coimeáda ar ionstraimí airgeadais atá cláraithe le taisclann lárnach urrús a fheidhmiú; agus’

(9) Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) Leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

‘(h) tuairisc ar bhainistiú riosca leachtachta CIM, lena n-áirítear na cearta fuascailte i ngnáthchúinsí agus i gcúinsí eisceachtúla araon, na socruithe fuascailte atá ann cheana le hinfheistíochtaí agus nochtadh na féidearthachta agus na gcoinníollacha maidir le huirlisí bainistithe leachtachta a úsáid a roghnaítear i gcomhréir le hAirteagal 16(2b).’

(ii) cuirtear isteach pointe (ia):

‘(ia) liosta na dtáillí agus na muirear a mbeidh feidhm acu i ndáil le hoibriú CIM agus a íocfaidh CIM i ndáil le BCIM nó a chleamhnaithe.’

(b) cuirtear na pointí (d), (e) agus (f) seo a leanas le mír 4:

‘(d) punann d’iasachtaí a thionscnaítear;

(e) ar bhonn bliantúil, na táillí agus na muirir ar fad atá díreach agus indíreach a muirearaíodh nó a leithdháileadh go díreach nó go hindíreach ar CIM nó ar aon cheann dá infheistíochtaí;

(f) ar bhonn bliantúil, aon mháthairghnóthas, fhoghnóthas nó eintiteas sainchuspóireach arna bhunú i ndáil le hinfheistíochtaí CIM ag BCIM, foireann BCIM nó cleamhnaithe díreacha nó indíreacha BCIM.’;

(10) Leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Tabharfaidh BCIM tuarascáil go tráthrialta d’údaráis inniúla a Bhallstáit baile maidir leis na margáí agus na hionstraimí ina mbíonn sé ag trádáil thar ceann an CIM atá á bhainistiú aige.

I ndáil le gach CIM atá á bhainistiú ag BCIM, soláthrófar sa tuarascáil faisnéis maidir leis na hionstraimí ina mbíonn sé ag trádáil, na margáí a bhfuil sé ina chomhalta díobh nó ina mbíonn sé ag trádáil go gníomhach, agus risíochtaí agus sealúchais gach CIM. Áireofar ann na haitheantóirí ábhartha chun na sonraí a chuirtear ar fáil maidir le sócmhainní, CIManna agus BCIManna a cheangal le foinsí sonraí maoirseachta eile nó le foinsí sonraí eile atá ar fáil go poiblí.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, fómhír (c):

‘(c) próifíl riosca reatha CIM’

(c) cuirtear an téacs seo a leanas in ionad phointe (d), mír 2:

‘(d) faisnéis maidir le socruithe tarmligin ina ndéantar bainistiú punainne comhchoiteann nó discréideach nó feidhmeanna bainistithe riosca a tharmligean mar seo a leanas:

(i) faisnéis maidir leis na toscairí, lena sonrófar ainm agus sainchónaí na dtoscairí, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil dlúthnaisc acu le BCIM agus an eintitis údaraithe nó rialáilte iad chun sócmhainní a bhainistiú. Áireofar san fhaisnéis aitheantóirí ábhartha na dtoscairí chun an fhaisnéis a sholáthraítear a nascadh le foinsí sonraí maoirseachta nó le foinsí sonraí eile atá ar fáil go poiblí;

(ii) liosta de na gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmeanna bainistithe riosca agus bainistithe punainne a tharmligtear agus tuairisc orthu;

(iii) i gcás ina ndéantar feidhm bainistithe punainne a tharmligean, méid agus céatadán sócmhainní CIM atá faoi réir socruithe tarmligin maidir leis an bhfeidhm bainistithe punainne;

(iv) an líon acmhainní daonna coibhéiseacha lánaimseartha arna bhfostú ag BCIM chun faireachán a dhéanamh ar na socruithe tarmligin;

(v) tuairisc ar bhearta tréimhsiúla díchill chuí arna ndéanamh ag BCIM chun maoirseacht a choinneál ar an toscaire, chun faireachán a dhéanamh orthu agus chun iad a rialú, lena n-áirítear dáta feidhmíochta na mbeart sin, na saincheisteanna a saináithníodh agus, i gcás inarb iomchuí, na bearta agus an amlíne a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;

(vi) i gcás ina bhfuil socruithe fo-tharmligin i bhfeidhm, faisnéis a cheanglaítear i bpointí (i) go (iii) maidir leis na fothoscaireachtaí agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na feidhmeanna bainistithe punainne agus riosca atá fotharmligthe;

(vii) dátaí tosaigh agus dul in éag na socruithe tarmligin agus fotharmligin.’

(ca) i mír 2, cuirtear isteach pointe (f) seo a leanas:

‘(f) liosta na mBallstát ina ndéanann BCIM nó dáileoir atá ag gníomhú thar ceann an BCIM sin aonaid nó scaireanna CIM a mhargú.’

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrúfar:

- (a) mionsonraí na faisnéise atá le tuairisciú de réir mhíreanna 1 agus 2, litreacha a) go c) agus e) go f). Sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin, leagfar amach freisin an leibhéal iomchuí caighdeánaithe maidir leis an bhfaisnéis atá le tuairisciú de réir mhír 2, litir d), gan oibleagáidí breise tuairiscithe a thabhairt isteach. Cuirfidh ÚEUM san áireamh ceanglais tuarascála eile a bhfuil na BCIManna faoina réir agus torthaí na tuarascála a eisíodh i gcomhréir le mír 2 d’Airteagal 69b. agus
- (b) minicíocht agus uainiú an tuairiscithe.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Cuir isteach dáta = 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Tarmlichtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;

(e) cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

‘7. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ina sonrú an méid seo a leanas:

(a) na caighdeáin formáide agus sonraí le haghaidh na dtuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2;

(b) na modhanna agus na socruithe chun na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chur isteach, lena n-áirítear modhanna agus socruithe chun caighdeánú sonraí agus comhroinnt agus úsáid éifeachtúil sonraí a tuairiscíodh cheana laistigh d’aon chreat tuairiscithe de chuid an Aontais a fheabhsú ag aon údarás inniúil ábhartha, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta.

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Cuir isteach dáta = 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun an Treoir seo a fhorlónadh trí na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;

(f) cuirtear an mhír 8 seo a leanas leis:

8. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 56 agus faoi réir choinníollacha Airteagal 57 agus Airteagal 58 chun an Treoir seo a fhorlónadh trína shonrú cén uair a mheasfar gearáil a bheith úsáidte ar bhonn substaintiúil chun críoche mhír 4.

(11) in Airteagal 35(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

‘(b) ní shainítear an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE mar thríú tír a bhfuil ardriosca ag baint léi de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849;

(c) an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE, shínigh sí comhaontú le Ballstát baile an BCIM údaraithe agus gach Ballstát eile ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna CIM neamh-AE a mhargú, a chomhlíonann na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 den Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal go hiomlán agus lena n-áirítear malartú éifeachtach faisnéise maidir le cúrsaí cánach lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha, agus ní luaitear an tríú tír in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.’;

(12) Leasaítear Airteagal 36(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (c):

‘(c) ní shainítear an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE mar thríú tír a bhfuil ardriosca ag baint léi de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849;

(b) cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

‘(d) an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE, shínigh sí comhaontú le Ballstát baile an BCIM údaraithe agus gach Ballstát eile ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna CIM neamh-AE a mhargú, a chomhlíonann na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal go hiomlán agus lena n-áirítear malartú éifeachtach faisnéise maidir le cúrsaí cánach lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha, agus ní luaitear an tríú tír sin in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.’;

(13) in Airteagal 37(7), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e) agus phointe (f):

‘(e) ní shainítear an tríú tír ina mbunaítear BCIM neamh-AE mar thríú tír a bhfuil ardriosca ag baint léi de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849;

(f) shínigh an tríú tír ina mbunaítear BCIM neamh-AE comhaontú leis an mBallstát baile tagartha, a chomhlíonann na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 den Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal go hiomlán agus lena n-áirítear malartú éifeachtach faisnéise maidir le cúrsaí cánach lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha agus ní luaitear an tríú tír in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.’;

(15) in Airteagal 40(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

‘(b) ní shainítear an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE mar thríú tír a bhfuil ardriosca ag baint léi de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849;

(c) shínigh an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE comhaontú leis an mBallstát tagartha agus gach Ballstát eile ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna CIM neamh-AE a mhargú, a chomhlíonann na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 den Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal go hiomlán agus lena n-áirítear malartú éifeachtach faisnéise maidir le cúrsaí cánach lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha agus ní luaitear an tríú tír in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.’;

(16) Leasaítear Airteagal 42(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) ní shainítear an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE ná BCIM neamh-AE mar thríú tír a bhfuil ardriosca ag baint léi de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849.’;

(b) cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

‘(d) shínigh an tríú tír ina mbunaítear CIM neamh-AE nó an BCIM neamh-AE comhaontú leis an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe aonaid nó scaireanna CIM neamh-AE a mhargú, a chomhlíonann caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 26 den Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal go hiomlán agus lena n-áiríthítear malartú éifeachtach faisnéise maidir le cúrsaí cánach lena n-áirítear aon chomhaontuithe cánach iltaobhacha agus nach luaitear an tríú tír in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.’;

(18) In Airteagal 47, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Maidir leis an bhfaisnéis uile arna malartú faoin Treoir seo idir ÚEUM, na húdaráis inniúla, ÚBE, Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus BERS, measfar í a bheith rúnda, cé is moite de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina sonraíonn ÚEUM nó an t-údarás inniúil nó údarás nó comhlacht eile lena mbaineann tráth na cumarsáide gur féidir an fhaisnéis sin a nochtadh;

(b) i gcás ina bhfuil gá le nochtadh le haghaidh imeachtaí dlíthiúla;

(c) i gcás ina n-úsáidtear an fhaisnéis a nochtadh i bhfoirm achomair nó i bhfoirm chomhiomlán nach féidir rannpháirtithe aonair sa mhargadh airgeadais a shainnithint inti.

*Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).’;

(19) Leasaítear Airteagal 50 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag údaráis inniúla Bhallstáit amháin chun bheith in amhras nach bhfuil gníomhartha contrártha don Treoir seo á gcur i gcrích nó curtha i gcrích ag BCIM nach bhfuil faoi réir mhaoirseacht na n-údarás inniúil sin, tabharfaidh siad fógra do ÚEUM agus d’údaráis inniúla Bhallstáit baile agus óstach an BCIM lena mbaineann sa tslí is sonraí agus is féidir. Déanfaidh na húdaráis is faighteoirí gníomh iomchuí, cuirfidh siad ÚEUM agus na húdaráis inniúla a thugann fógra ar an eolas faoi thoradh an ghnímh sin agus, a mhéid is féidir, faoi fhorbairtí eatramhacha suntasacha. Beidh an mhír seo gan dochar d’inniúlachtaí an údaráis inniúil a thugann fógra.’;

(b) cuirtear na míreanna 5a go 5g seo a leanas isteach:

‘5a Tabharfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM fógra d’údaráis inniúla Bhallstát óstach BCIM agus ÚEUM i gcomhthreo le cumhachtaí forfheidhmithe de bhun Airteagal 46(2), pointe (j) agus fógra do BERS faoi aon rioscaí féideartha do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais.

5b. Féadfaidh údarás inniúil Bhallstát óstach BCIM a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos in Airteagal 46(2), pointe (j), lena sonraítear na cúiseanna leis an iarraidh agus lena dtugtar fógra do ÚEUM faoi agus má tá aon rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ag baint le cobhsaíocht agus sláine an chórais airgeadais, do BERS ina leith sin.

5c. I gcás nach n-aontaíonn údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 5b, cuirfidh sé údarás inniúil Bhallstát óstach an BCIM agus ÚEUM ar an eolas, agus a chúiseanna á sonrú aige, agus BERS, má tá aon rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cobhsaíocht agus sláine an chórais airgeadais.

5d. Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas i gcomhréir le míreanna 5b agus 5c, eiseoidh ÚEUM tuairim, laistigh de thréimhse ama réasúnta, chuig údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM maidir le cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos in Airteagal 46(2), pointe (j).

5e. I gcás nach ngníomhaíonn an t-údarás inniúil i gcomhréir le tuairim ÚEUM dá dtagraítear i mír 5d ná nach bhfuil rún aige í a chomhlíonadh, cuirfidh sé ÚEUM ar an eolas faoi, agus sonrúidh sé a chúiseanna maidir leis an neamhchomhlíonadh nó an rún. Féadfaidh ÚEUM a fhoilsiú nach gcomhlíonann údarás inniúil a chomhairle, nó nach bhfuil rún aige an chomhairle sin a chomhlíonadh, in éineacht leis na cúiseanna a luaigh an t-údarás inniúil leis an neamhchomhlíonadh nó an rún sin, mura rud é go bhfuil an foilsiú sin ag teacht salach ar leas dlísteanaigh na scaire nó na sealbhóirí aonad nó an phobail, nó go bhféadfadh sé feidhmiú ordúil agus sláine na margaí airgeadais nó cobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine san Aontas, nó cuid den chóras airgeadais sin, a chur i mbaol go mór. Tabharfaidh ÚEUM fógra roimh ré do na húdaráis inniúla faoin bhfoilsiú sin.

5f. Féadfaidh údarás inniúil Bhallstát óstach BCIM a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM, gan mhoill, cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos in Airteagal 46(2), lena sonraítear na cúiseanna leis an iarraidh agus lena dtugtar fógra do ÚEUM faoi agus má tá aon rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cobhsaíocht agus sláine an chórais airgeadais, do BERS ina leith sin.

Cuirfidh údarás inniúil Bhallstát óstach an BCIM údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM agus ÚEUM ar an eolas agus, má tá aon rioscaí féideartha ann do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais, cuirfidh sé BERS ar an eolas faoi na cumhachtaí arna bhfeidhmiú agus faoina thorthaí gan mhoill.

5fa. I gcás inar fheidhmigh Ballstát an rogha dá bhforáiltear in Airteagal 21, mír 5, pointe (c), agus i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag údaráis inniúla Bhallstát baile CIM nó, i gcás nach rialáiltear CIM, ag údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM a bheith in amhras go bhfuil gníomhartha atá contrártha leis an Treoir seo á ndéanamh nó déanta ag taiscí nach bhfuil faoi réir maoirseachta na n-údarás inniúil sin, cuirfidh na húdaráis inniúla sin an méid sin in iúl gan mhoill do ÚEUM agus d'údaráis inniúla an taiscí lena mbaineann ar bhealach chomh sonrathach agus is féidir. Déanfaidh na húdaráis is faighteoirí gníomh iomchuí, cuirfidh siad ÚEUM agus na húdaráis inniúla a thugann fógra ar an eolas faoi thoradh an ghnímh sin. Beidh an mhír seo gan dochar d'inniúlachtaí na n-údarás inniúil a thugann fógra.

5g. Féadfaidh ESMA a iarraidh ar an údarás inniúil mínithe a chur faoi bhráid ESMA i dtréimhse ama réasúnta i ndáil le cásanna sonracha atá ina mbagairt thromchúiseach ar chosaint infheisteoirí, a chuireann feidhmiú ordúil agus sláine na margáí airgeadais i mbaol nó a bhfuil rioscaí ag baint leo do chobhsaíocht cuid den chóras airgeadais nó an chórais airgeadais ina iomláine san Aontas.’;

(c) cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

‘7. Forbróidh ESMA treoirínte lena dtugtar léirithe do na húdaráis inniúla maidir le feidhmiú na gcumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 46(2), pointe (j) agus maidir leis na cásanna ina bhféadfaí na hiarrataí dá dtagraítear i míreanna 5b agus 5f a chur ar aghaidh mar thoradh orthu. Agus ÚEUM ag forbairt na dtreoirínte sin, cuirfidh sé san áireamh impleachtaí féideartha na hidirghabhála maoirseachta sin le haghaidh cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais i mBallstát eile nó san Aontas.

(19a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 60:

‘Airteagal 60

Maoluithe a nochtadh

I gcás ina mbainfidh Ballstát úsáid as maolú nó as rogha dá bhforáiltear in Airteagail 6, 9, 15(3) agus 15(4aa), 21, 22, 28, 43 agus 61(5), cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin agus faoi aon athruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin nó ar bhealach eile a bhfuil rochtain éasca air.’

(20) Cuirtear isteach an mhír 6 seo a leanas in Airteagal 61:

‘6. Féadfaidh BCIManna, a mhéid a dhéanann siad bainistiú ar CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí agus a bunaíodh roimh [dáta glactha na Treorach seo] leanúint de CIManna den sórt sin a bhainistiú gan pointe (d) d’Airteagal 15(3), míreanna 4a go 4f d’Airteagal 15 agus Airteagal 16(2a) den Treoir seo a chomhlíonadh go dtí [5 bliana + dáta glactha na Treorach seo]. De mhaolú air sin, maidir le CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí a bunaíodh roimh [dáta glactha na Treorach seo] agus nach mbailíonn caipiteal breise, measfar go gcomhlíonann siad na hAirteagail thuasluaite.’

(21) cuirtear an tAirteagal 69b seo a leanas isteach:

‘Airteagal 69b

Athbhreithniú

1. Faoin [Cuir isteach an dáta = 60 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus i ndiaidh na bpiara-athbhreithnithe a dhéanfaidh ÚEUM dá dtagraítear in Airteagal 38a agus i ndiaidh na dtuarascálacha a thabharfaidh sé ar aird i gcomhréir le hAirteagal 7(9), tionscnóidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo agus ar an taithí a fuarthas agus iad á gcur i bhfeidhm. Áireofar san athbhreithniú sin measúnú ar na gnéithe seo a leanas:

- (a) an tionchar ar chobhsaíocht airgeadais maidir le hinfhaighteacht agus gníomhachtú uirlisí bainistithe leachtachta infhaighteacht ag BCIManna;
- (b) éifeachtúlacht na gceanglas údaráithe BCIM in Airteagail 7 agus 8 agus an córas tarmhigin a leagtar síos in Airteagal 20 den Treoir seo;
- (c) oiriúnacht na gceanglas is infheidhme maidir le BCIManna a bhainistíonn CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí a leagtar síos in Airteagal 15;
- (d) feidhmiú agus oiriúnacht chumhacht na n-údarás inniúil chun a cheadú taise a cheapadh i mBallstát eile mar a leagtar amach in Airteagal 21(5), pointe c, lena n-áirítear ábharthacht na gcritéar cainníochtúil a leagtar síos in Airteagal 5(c), fomhír ii.

2. Faoin [Cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfidh ÚEUM tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le forbairt bailiúcháin sonraí maoirseachta chomhtháite, ina ndíreofar ar conas an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) laghdú a dhéanamh ar réimsí dúblála agus neamhréireachtaí idir na creataí tuairiscithe san earnáil bainistíochta sócmhainní agus in earnálacha eile den tionscal airgeadais;

(b) caighdeánú sonraí agus comhroinnt agus úsáid éifeachtúil sonraí a thuiriscítear cheana laistigh d'aon chreat tuairiscithe de chuid an Aontais ag aon údarás inniúil ábhartha, ar leibhéal an Aontais nó náisiúnta.

3. Agus ÚEUM ag ullmhú na tuarascála dá dtagraítear i mír 2, oibreoidh ÚEUM i ndlúthchomhar leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile agus, i gcás inarb ábhartha, na húdaráis inniúla náisiúnta.

4. Tar éis an athbhreithnithe dá dtagraítear i mír 1 agus tar éis dul i gcomhairle le ESMA, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena gcuirtear conclúidí na hathbhreithnithe sin i láthair.';

(22) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo;

(23) Déantar an téacs atá in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo a chur isteach mar Iarscríbhinn V.

Airteagal 2

Leasuithe ar Threoir 2009/65/CE

Leasaítear Treoir 2009/65/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an pointe (u) seo a leanas isteach in Airteagal 2(1):

ciallaíonn ‘(u) taisclann lárnach urrús’ taisclann lárnach urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.’

* Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1);’

(1a) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) i bpointe (b), cuirtear isteach na fomhíreanna (iii) agus (iv) seo a leanas:

‘(iii) orduithe a ghlacadh agus a tharchur i ndáil le hionstraimí airgeadais.’

(iv) aon seirbhís choimhdeach eile inarb ionann an tseirbhís choimhdeach agus leanúint de na seirbhísí atá ar bun cheana féin ag an gcuideachta bainistíochta agus nach gcruthaíonn sí coibhleachtaí leasa nach bhféadfaí a bhainistiú le rialacha breise.’

(ii) cuirtear an pointe (c) seo a leanas leis:

‘(c) riar tagarmharcanna i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1011;’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deireanaí:

‘Ní údarófar do chuideachtaí bainistíochta faoin Treoir seo ach na seirbhísí dá dtagraítear sa mhír seo a sholáthar. Ní údarófar do chuideachtaí bainistíochta tagarmharcanna a úsáidtear ina GCUInna bainistithe a riar.’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4

‘4. Beidh feidhm ag Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2019/2034, Airteagal 15 agus Airteagal 16 cé is moite den chéad fhomhír de mhír (5), agus Airteagail 23, 24 agus 25 de Threoir 2014/65/AE i gcás ina soláthróidh cuideachtaí bainistíochta na seirbhísí dá dtagraítear i mír 3, pointí (a) agus (b).’

(2) Leasaítear Airteagal 7(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

‘(b) tá dea-cháil leordhóthanach ar na daoine a dhéanann gnó cuideachta bainistíochta go héifeachtach agus tá taithí leordhóthanach acu freisin i ndáil leis an gcineál GCUI atá á bhainistiú ag an gcuideachta bainistíochta, ainmneacha na ndaoine sin agus ainm gach duine a thagann ina ndiaidh san oifig lena nglactar in iúl do na húdaráis inniúla agus iompar ghnó na cuideachta bainistíochta a bhíonn á bheartú ag beirt nádúrtha ar a laghad atá fostaithe go lánaimseartha ag an gcuideachta bainistíochta sin, nó comhalta nó comhaltaí feidhmiúcháin de chomhlacht rialachais na cuideachta bainistíochta sin atá tiomanta go lánaimseartha chun gnó na cuideachta bainistíochta sin a dhéanamh agus is daoine iad atá ina gcónaí sa Aontas a chomhlíonann na coinníollacha sin.

(c) gabhann iarratas ar údarú le clár gníomhaíochta lena leagtar amach, ar a laghad, struchtúr eagrúcháin na cuideachta bainistíochta, lena sonraítear na hacmhainní teicniúla agus daonna a úsáidfear chun gnó na cuideachta bainistíochta a dhéanamh, faisnéis faoi na daoine a dhéanann gnó na cuideachta bainistíochta sin go héifeachtach, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:

(i) miontuairisc ar an ról, teideal agus leibhéal na sinsearachta atá acu;

(ii) tuairisc ar a línte tuairiscithe agus a bhfreagrachtaí taobh istigh agus taobh amuigh den chuideachta bainistíochta;

(iii) forléargas ar an am a leithdháileann siad ar gach freagracht;’;

(b) cuirtear an pointe (e) seo a leanas isteach:

‘(e) soláthraíonn an chuideachta bainistíochta faisnéis maidir leis na socrúithe arna ndéanamh le haghaidh feidhmeanna a tharmligean chuig tríú páirtithe dá dtagraítear in Airteagal 13 agus miontuairisc na n-acmhainní daonna agus teicniúla atá le húsáid ag an gcuideachta bainistíochta chun faireachán a dhéanamh ar an toscaire agus é a rianú.’;

(3) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) Leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘1. Cuideachtaí bainistíochta, a bhfuil sé i gceist acu cúram a tharmligean chuig tríú páirtithe ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna a liostaítear in Iarscríbhinn II nó na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 6(3) a dhéanamh thar a gceann, tabharfaidh siad fógra d’údaráis inniúla a mBallstáit baile sula dtiocfaidh na socrúithe tarmligin i bhfeidhm. Comhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) ní féidir leis an sainordú éifeachtúlacht na maoirseachta thar an gcuideachta bainistíochta a chosc agus, go háirithe, ní féidir leis an sainordú an chuideachta bainistíochta a chosc ar ghníomhú, nó GCUI a chosc ó bheith á bhainistiú, ar mhaithe le leas a n-infheisteoirí agus a gcliant.’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (g), (h) agus (i):

‘(g) ní féidir leis an sainordú na daoine a dhéanann gnó na cuideachta bainistíochta a chosc tuilleadh treoracha a thabhairt don ghnóthas a dtarmligtear feidhmeanna nó soláthar seirbhísí chuige tráth ar bith nó an sainordú a tharraingt siar le héifeacht láithreach nuair is chun leasa infheisteoirí agus cliant é.

(h) ag féachaint do nádúr na bhfeidhmeanna agus na soláthar seirbhísí atá le tarmligean, ní mór don ghnóthas a ndéanfar feidhmeanna nó soláthar seirbhísí a tharmligean chuige a bheith cáilithe agus in ann na feidhmeanna a dhéanamh agus na seirbhísí i gceist a dhéanamh; agus

(i) ní mór na seirbhísí agus na feidhmeanna a tugadh cead don chuideachta bainistíochta a tharmligean i gcomhréir leis an Airteagail seo a liostú i réamheolairí GCUI;’;

(iv) cuirtear isteach an pointe (j) seo a leanas:

‘(j) ba cheart don chuideachta bainistíochta a bheith in ann údar a thabhairt lena struchtúr toiscaireachta ar fad ar chúiseanna oibiachtúla.’;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ní dhéanfaidh tarmligean aon fheidhmeanna nó soláthair seirbhísí ag an gcuideachta bainistíochta chuig tríú páirtithe difear do dhlíteanas na cuideachta bainistíochta ná don taise. Ní dhéanfaidh an chuideachta bainistíochta a bhfeidhmeanna ná a soláthar seirbhísí a tharmligean sa mhéid nach féidir a mheas, go bunúsach, í a bheith ina bainisteoir GCUI nó ina soláthróir seirbhísí agus sa mhéid go mbeidh sí ina eintiteas bosca poist.’;

(c) cuirtear isteach na míreanna 3, 4 agus 5 seo a leanas

3. De mhaolú ar mhír 1 agus mír 2 den Airteagal seo, i gcás ina bhfuil an fheidhm mhargaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II á feidhmiú ag dáileoir amháin nó níos mó, nach bhfuil ag gníomhú thar a gceann féin agus a mhargaíonn GCUI faoi Threoir 2014/65/AE nó trí tháirgí infheistíochta atá árachasbhunaithe i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/97, ní mheasfar gur tarmligean í an fheidhm sin atá faoi réir na gceanglas a leagtar síos sna míreanna thuasluaite beag beann ar aon chomhaontú dáileacháin idir an chuideachta bainistíochta agus an dáileoir’

4. Sula gcuirfead tús leis an athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 110a, déanfaidh ESMA tuarascáil a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún ina ndéanfar anailís ar chleachtas mhargaidh maidir le tarmligean agus comhlíonadh Airteagail 7 agus 13, a bheidh bunaithe, *inter alia*, ar na sonraí a thuairiscítear d’údaráis inniúla i gcomhréir le pointe (e) d’Airteagal 20a agus ar fheidhmiú a chumhachtaí um chóineasú maoirseachta.

5. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 112a, bearta a ghlacadh lena sonrú an méid seo a leanas:

- (a) na coinníollacha chun na ceanglais a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh;
 - (b) na coinníollacha faoina measfar go ndearna cuideachta bainistíochta GCUI a bhfeidhmeanna a tharmligean sa mhéid go mbeidh sé ina heintiteas bosca poist agus nach féidir í a mheas mar bhainisteoir GCUI nó soláthróir na seirbhísí a thuilleadh mar a leagtar amach i mír 2.
- (4) cuirtear an tAirteagal 18a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 18a

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil ar a laghad na huirlisí bainistithe leachtachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIA ar fáil do GCUI.

2. Tar éis do chuideachta bainistíochta measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht i ndáil leis an straitéis infheistíochta atá á saothrú, leis an bpróifíl leachtachta agus leis an mbeartas fuascailte, roghnóidh sé ar a laghad dhá uirlis bainistithe leachtachta iomchuí ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIA, pointí 2 go 7, agus áireofar leis an gciste rialacha nó ionstraimí corpraithe na cuideachta infheistíochta le haghaidh úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as ar mhaithe le hinfheisteoirí GCUI. De mhaolú air sin, ní fhéadfaidh cuideachta bainistíochta ach aon uirlis bainistithe leachtachta amháin a roghnú ó Iarscríbhinn IIA, pointí 2 go 7, le haghaidh GCUI atá á bhainistiú aige, má tá an GCUI sin údaraithe mar chiste margaidh airgid i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1131.

Cuirfidh an chuideachta bainistíochta chun feidhme beartais mhionsonraithe agus nósanna imeachta le haghaidh aon uirlis bainistithe leachtachta arna roghnú a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú agus na socruithe oibríochtúla agus riaracháin le haghaidh úsáid an chineáil uirlise sin.

Ní féidir fuascailt chomhchineáil dá dtagraítear i bpointe 7 d'Iarscríbhinn IIA a ghníomhachtú ach amháin chun freastal ar na fuascailtí arna n-iarraidh ag infheisteoirí gairmiúla agus má chomhfhreagraíonn an fhuascailt chomhchineáil do sciar *pro rata* de na sócmhainní atá i seilbh an GCUI.

De mhaolú ar fhomhír 3, ní fhéadfaidh an fhuascailt chomhchineáil a bheith ag comhfhreagairt do sciar *pro rata* de na sócmhainní atá i seilbh an GCUI mura ndéantar an GCUI sin a mhargú ach le hinfeisteoirí gairmiúla nó más rud é gurb é is aidhm le beartas infheistíochta GCUI comhdhéanamh stoic nó innéacs urrús fiachais áirithe a mhacasamhlú, dá dtagraítear in Airteagal 53, agus ina theannta sin más Ciste Trádála Malairte é an GCUI sin de réir an tsainmhíneithe a thugtar in Airteagal 2(26) den MiFIR.

3. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun saintréithe na n-uirlisí bainistithe leachtachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIA a shainiú agus a shonrú.

4. Forbróidh ESMA treoirlínte lena gcinnfear critéir le haghaidh roghnú agus úsáid na n-uirlisí bainistithe leachtachta oiriúnacha ag cuideachtaí bainistíochta le haghaidh bainistiú priacail leachtachta, lena n-áirítear nochtuithe iomchuí le hinfheisteoirí, lena gcuirtear san áireamh cumas na n-uirlisí sin buntáistí míchuí a laghdú d'infheisteoirí a dhéanann a n-infheistíochtaí a fhuascailt ar dtús, agus chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais a mhaolú. Áireofar sna treoirlínte sin tásca ar na cúinsí inar féidir taobhphócaí a ghníomhachtú.

5. Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 3 a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.';

(5) cuirtear na hAirteagail 20a agus 20b seo a leanas isteach:

‘Airteagal 20a

1. Tabharfaidh cuideachta bainistíochta tuarascáil go tráthrialta d’údaráis inniúla an Bhallstáit baile den GCUI maidir leis na margaí agus na hionstraimí ina mbíonn sé ag trádáil thar ceann an GCUI atá á bhainistiú aige.

Soláthrófar sa tuarascáil, i leith gach GCUI a bhainistíonn sí, faisnéis maidir leis na hionstraimí ina mbíonn sé ag trádáil, na margaí a bhfuil sé ina bhall díobh nó ina mbíonn sé ag trádáil go gníomhach, agus maidir le neamhchosaintí agus sealúchais gach GCUI. Áireofar ann na haitheantóirí ábhartha chun na sonraí a chuirtear ar fáil maidir le sócmhainní, GCUI agus an chuideachta bainistíochta a cheangal le foinsí sonraí maoirseachta eile nó le foinsí sonraí eile atá ar fáil don phobal.

1a. I gcás gach GCUI atá á bhainistiú aici, cuirfidh cuideachta bainistíochta na nithe seo a leanas ar fáil d’údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI:

(a) aon socrúithe nua chun leachtacht GCUI a bhainistiú, lena n-áirítear uirlisí bainistithe leachtachta a roghnú agus a ghníomhachtú;

(b) próifil riosca reatha an GCUI.

(c) torthaí na dtástálacha struis arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 51(1).

(d) faisnéis maidir le socruithe tarmligin a bhfuil tarmligean feidhmeanna bainistíochta punainne nó bainistíochta priacail comhchoitinne nó lánroghnacha i gceist leo. Beidh na nithe seo a leanas san fhaisnéis a chuirfear ar fáil:

(i) faisnéis maidir leis na toscairí, lena sonrófar ainm agus sainchónaí na dtoscairí, cibé acu an bhfuil dlúthnasc acu leis an gcuideachtaí bainistíochta agus an eintitis údaraithe nó rialaithe iad chun críche sócmhainní a bhainistiú. Áireofar san fhaisnéis aitheantóirí ábhartha na dtoscairí chun an fhaisnéis a sholáthraítear a nascadh le foinsí sonraí eile maoirseachta nó le foinsí sonraí eile atá ar fáil go poiblí;

(ii) liosta de na gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmeanna bainistíochta riosca agus bainistíochta punainne a tharmligtear agus tuairisc orthu;

(iii) i gcás ina ndéantar feidhm bhainistíochta punainne a tharmligean, méid agus céatadán shócmhainní an GCUI atá faoi réir socruithe tarmligin maidir leis an bhfeidhm bainistíochta punainne;

(iv) an líon acmhainní daonna lánaimseartha coibhéiseacha arna n-úsáid ag an gcuideachta bainistíochta chun faireachán a dhéanamh ar shocruithe an tarmligin;

(v) tuairisc ar bhearta díchill chuí tréimhsiúla arna ndéanamh ag an gcuideachta bainistíochta chun maoirsiú, faireachán agus rialú a dhéanamh go leanúnach ar an toscaire, lena n-áirítear dáta feidhmíochta na mbeart sin, na saincheisteanna a sainaitníodh agus, más iomchuí, na bearta agus an amlíne a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;

(vi) i gcás ina bhfuil socruithe fotharmligin i bhfeidhm, faisnéis a cheanglaítear i bpointí (i) go (iii) maidir leis na nithe arna bhfothairmligean agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na feidhmeanna punainne agus bainistíochta riosca atá fotharmligthe;

(vii) dátaí tosaigh agus éaga socruithe an tarmligin agus socruithe an fhotharmligin.

(e) liosta de na Ballstáit ina ndéanann a chuideachta bainistíochta nó dáileoír atá ag gníomhú thar ceann na cuideachta bainistíochta sin aonaid an GCUI a mhargú go hiarbhír.

1b. Áiritheoidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI go ndéanfar an fhaisnéis ar fad a bhailítear faoin gcéad mhír i ndáil le gach GCUI a ndéanann siad maoirseacht air agus an fhaisnéis arna bailiú faoi Airteagal 7 a chur ar fáil gan mhoill d'údaráis inniúla Ballstát ábhartha eile, ESMA agus BERS trí bhíthin na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 102 go hAirteagal 105 maidir le comhaontuithe comhair agus malartú faisnéise. Cuirfidh siad faisnéis ar fáil freisin, gan mhoill, trí bhíthin na nósanna imeachta sin, agus go déthaobhach d'údaráis inniúla na mBallstát eile lena mbaineann go díreach, más rud é go bhféadfadh cuideachta bainistíochta atá faoina gcúram, nó GCUI arna mbainistiú ag an gcuideachta bainistíochta sin, a bheith ina bhfoinse thábhachtach riosca contrapháirtí d'institiúid chreidmheasa, d'institiúidí eile a bhfuil ábharthacht shistéamach ag baint leo i mBallstáit eile, nó do chobhsaíocht an chórais airgeadais i mBallstát eile.

2. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrúfar:

(a) mionsonraí na faisnéise atá le tuairisciú i gcomhréir le mír 1 agus 1a, litreacha a) go c) agus e). Sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin, leagfar amach freisin an leibhéal iomchuí caighdeánaithe maidir leis an bhfaisnéis atá le tuairisciú i gcomhréir le mír 1a, litir d), gan oibleagáidí breise tuairiscithe a thabhairt isteach. Cuirfidh ESMA san áireamh ceanglais tuarascála eile a bhfuil na cuideachtaí bainistíochta faoina réir, chomh maith le torthaí na tuarascála arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 20b. agus

(b) minicíocht agus uainiú an tuairiscithe.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Cuir isteach dáta = 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Tarmlichtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

3. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ina sonrúfar an méid seo a leanas:

na caighdeáin formáide agus sonraí le haghaidh na dtuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1a;

(b) modhanna agus socruithe chun na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1a a thíolacadh, lena n-áirítear modhanna agus socruithe chun feabhas a chur ar chaighdeánú sonraí agus comhroinnt agus úsáid éifeachtúil sonraí a thuairiscítear cheana laistigh d'aon chreat tuairiscithe de chuid an Aontais ag aon údarás inniúil ábhartha, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Cuir isteach dáta = 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 20b

1. Faoin [Cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfidh ESMA tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le forbairt bailiúcháin sonraí maoirseachta chomhtháite, ina ndíreofar ar conas an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) laghdú a dhéanamh ar réimsí dúblála agus neamhréireachtaí idir na creataí tuairiscithe san earnáil bainistíochta sócmhainní agus in earnálacha eile den tionscal airgeadais agus

(b) feabhas a chur ar chaighdeánú sonraí agus comhroinnt agus úsáid éifeachtúil sonraí a thuiriscítear cheana laistigh d'aon chreat tuairiscithe de chuid an Aontais ag aon údarás inniúil ábhartha, ar leibhéal an Aontais nó náisiúnta.

2. Agus ESMA ag ullmhú na tuarascála dá dtagraítear i mír 1, oibreoidh ESMA i ndlúthchomhar leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile agus, i gcás inarb ábhartha, na húdaráis inniúla náisiúnta.';

(6) Leasaítear Airteagal 22a mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) d’fheidhmigh an taisece gach scil, cúram agus dícheall cuí agus aon tríú páirtí á roghnú agus á gceapadh a bhfuil sé beartaithe aici codanna dá chúraimí a tharmligean chuige, cé is moite de chás inar taisclann lárnach urrús é an tríú páirtí sin ag gníomhú di cáil CSD infheisteora mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392* ón gCoimisiún, agus leanann sé de bheith ag feidhmiú gach scil, cúram agus dícheall cuí san athbhreithniú tréimhsiúil agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar aon tríú páirtí a ndearna codanna dá chúraimí a tharmligean chuige agus i socruithe an tríú páirtí i leith na gcúrsaí arna dtarmligean chuige.

* Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2017/392 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le ceanglais údarúcháin, mhaoirseachta agus oibríochtúla le haghaidh taisclanna lárnacha urrús (IO L 65, 10.3.2017, lch. 48)’;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Chun críocha na míre seo, ní mheasfar gur tarmligean feidhmeanna cumhdaigh na taisece é soláthar seirbhísí ag taisclann lárnach urrús ag gníomhú di i gcáil CSD eisitheora mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 ón gCoimisiún. ‘Chun críocha na míre seo, measfar gur tarmligean feidhmeanna cumhdaigh na taisece é soláthar seirbhísí ag taisclann lárnach urrús ag gníomhú di i gcáil CSD infheisteora mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/392 ón gCoimisiún. ’;

(7) in Airteagal 29(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) ní mór dea-cháil leordhóthanach a bheith ar stiúrthóirí na cuideachta infheistíochta agus caithfidh taithe leordhóthanach a bheith acu freisin i ndáil leis an gcineál gnó atá á shaothrú ag an gcuideachta infheistíochta agus, chuige sin: ní mór ainmneacha na stiúrthóirí agus ainm gach duine a thagann ina ndiaidh san oifig a chur in iúl do na húdaráis inniúla; agus ciallóidh ‘stiúrthóirí’ na daoine sin a dhéanann, faoi dhlí nó ionstraimí corpraithe, ionadaíocht thar ceann na cuideachta infheistíochta, nó a chinneann beartas na cuideachta go héifeachtach. ní mór do bheirt daoine nádúrtha ar a laghad, atá fostaithe go lánaimseartha nó atá ina gcomhaltaí feidhmiúcháin nó ina gcomhaltaí de chomhlacht rialachais na cuideachta bainistíochta, an gnó a dhéanann cuideachta infheistíochta a chinneadh, agus an bheirt sin tiomanta go lánaimseartha chun gnó na cuideachta bainistíochta sin a dhéanamh agus atá san Aontas, agus a chomhlíonann na coinníollacha sin;’;

(8) in Airteagal 84, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. De mhaolú ar mhír 1:

(a) Féadfaidh GCUI, ar mhaithe lena sealbhóirí aonad, athcheannach nó fuascailt a n-aonad a chur ar fionraí go sealadach, nó uirlisí bainistithe leachtachta eile a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú arna roghnú i gcomhréir le hAirteagal 18a(2). Ar mhaithe lena shealbhóirí aonad agus d’fhonn a áirithiú go bpróiseálfar suibscríbhinní agus fuascailtí ar phraghas cóir, féadfaidh GCUI freisin taobhphócaí dá dtagraítear i bpointe 8 d’Iarscríbhinn IIA a chur i ngníomh, i gcásanna nach féidir leis an GCUI a áirithiú go ndéanfar luacháil chothrom chruinn ar shócmhainní áirithe, nó i gcás ina bhfuil roinnt sócmhainní tagtha chun bheith neamh-intrádála.

(b) ar mhaithe leis na sealbhóirí aonad nó leis an bpobal, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit baile GCUI a cheangal go ndéanfar fuascailtí agus suibscríbhinní dá dtagraítear i bpointe 1 d’Iarscríbhinn IIA a chur ar fionraí.

Déanfar foráil maidir leis an bhfionraí sealadach agus gníomhachtú taobhphócaí dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír i gcásanna eisceachtúla amháin ina n-éileofar sin leis na himthosca, agus i gcásanna ina bhfuil údar leis ag féachaint do leasanna na sealbhóirí aonad.

3. Cuirfidh an GCUI údaráis inniúla a Bhallstáit baile ar an eolas gan mhoill agus fionraí á ghníomhachtú nó á ndíghníomhachtú aige maidir le fuascailtí agus geataí fuascailte dá dtagraítear i bpointe 1 agus 2 d'Iarscríbhinn IIA.

Cuirfidh an GCUI na húdaráis inniúla chéanna ar an eolas agus é ag gníomhú nó ag díghníomhachtú taobhphócaí dá dtagraítear i bpointe 8 den Iarscríbhinn sin, laistigh de thréimhse ama réasúnta sula ndéanfar an uirlis bainistithe leachtachta sin a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú.

Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar an GCUI fógraí a thabhairt d'údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI i gcás ina gcinnfidh GCUI an fhuascailt chomhchineáil a ghníomhachtú, síneadh a chur leis an tréimhse fógra, nó an táille leachtachta, uasteorainn luascfhachtóir na luascphraghsála nó uasteorainn na táille tobhaigh frithchaolúcháin a leagtar amach sa réamheolaire ciste a mhéadú, nó an raon idir tairiscint agus iarraidh a mhéadú sa déphraghsáil chun críocha bainistithe leachtachta.

Cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI údaráis inniúla Bhallstát óstach an GCUI agus ESMA ar an eolas gan mhoill faoi aon fhógra a gheofar i gcomhréir leis an mír seo agus, má tá rioscaí féideartha ann do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais, cuirfidh sé BERS ar an eolas ina leith sin chomh maith.

3a. Déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI fógra a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát uile ina margaíonn an GCUI a aonaid, agus ESMA ag an am céanna, le cumhachtaí a fheidhmiú de bhun mhír 2, pointe (b) agus, má tá rioscaí féideartha ann do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais, do BERS.

3b. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina margaíonn GCUI a aonaid nó údarás inniúil na cuideachta bainistíochta a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile GCUI cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos i mír 2, pointe (b), agus sonrúidh sé na cúiseanna leis an iarraidh sin agus tabharfaidh sé fógra do ESMA agus, má tá rioscaí féideartha ann do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais, fógra do BERS ina leith sin.

3c. I gcás nach n-aontaíonn údarás inniúil Bhallstát baile an GCUI leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 3b, cuirfidh sé an t-údarás inniúil iarrtha agus ESMA ar an eolas ina leith sin, má tá rioscaí féideartha ann do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais, cuirfidh sé BERS ar an eolas ina leith sin chomh maith, agus sonrúidh sé a chúiseanna.

3d. Ar bhonn na faisnéise a fuarthas i gcomhréir le míreanna 3b agus 3c, eiseoidh ESMA tuairim laistigh de thréimhse ama réasúnta chuig údarás inniúil Bhallstát baile GCUI maidir le cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos i mír 2, pointe (b).

3e. I gcás nach ngníomhaíonn an t-údarás inniúil i gcomhréir le tuairim ESMA dá dtagraítear i mír 3d ná nach bhfuil sé beartaithe aige í a chomhlíonadh, cuirfidh sé ESMA ar an eolas faoi, agus sonrúidh sé na cúiseanna maidir leis an neamhchomhlíonadh nó an intinn. Féadfaidh ESMA a fhoilsiú nach gcomhlíonann údarás inniúil a chomhairle, nó nach bhfuil sé beartaithe aige an chomhairle sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na cúiseanna a luaigh an t-údarás inniúil maidir le neamhchomhlíonadh nó rún, mura rud é go bhfuil an foilsiú sin ag teacht salach ar leas dlisteanach na sealbhóirí aonad nó an phobail, nó go bhféadfadh sé feidhmiú ordúil agus sláine na margáí airgeadais nó cobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine san Aontas, nó cuid den chóras sin, a chur i mbaol go mór. Tabharfaidh ESMA fógra roimh ré do na húdaráis inniúla faoin bhfoilsiú sin.

3f. Forbróidh ESMA treoirínnte ina dtabharfar tásca chun treoir a thabhairt do na húdaráis inniúla i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a leagtar amach i mír 2, pointe (b). Agus ESMA ag forbairt na dtreoirínnte sin, cuirfidh sé san áireamh impleachtaí féideartha na hidirghabhála maoirseachta sin le haghaidh cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais i mBallstát eile nó san Aontas.

(9) in Airteagal 98, cuirtear na míreanna 3 agus 4 seo a leanas leis:

‘3. Féadfaidh údarás inniúil Bhallstát óstach GCUI a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile GCUI, gan mhoill, cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos i mír 2, lena sonraítear na cúiseanna lena iarraidh agus lena dtugtar fógra do ESMA faoi agus má tá aon rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ag baint le cobhsaíocht agus sláine an chórais airgeadais, do BERS ina leith sin.

Cuirfidh údarás inniúil Bhallstát óstach an GCUI údarás inniúil Bhallstát baile an GCUI agus ESMA ar an eolas gan mhoill, agus, má tá aon rioscaí féideartha ann do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais, cuirfidh sé BERS ar an eolas, faoi na cumhachtaí arna bhfeidhmiú agus faoina thorthaí gan mhoill.’

4. Féadfaidh ESMA a iarraidh ar an údarás inniúil mínithe a chur faoi bhráid ESMA i ndáil le cásanna sonracha atá ina mbagairt thromchúiseach ar chosaint infheisteoirí, a chuireann feidhmiú ordúil agus sláine na margaí airgeadais i mbaol nó a bhfuil rioscaí ag baint leo do chobhsaíocht cuid den chóras airgeadais nó an chórais airgeadais ina iomláine san Aontas.’;

(11) cuirtear an tAirteagal 110a seo a leanas isteach:

Faoin [Cuir isteach an dáta = 60 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus i ndiaidh na tuarascála a chruthóidh ESMA i gcomhréir le hAirteagal 13(4), tionscnóidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcóras tarmligin a leagtar síos in Airteagal 13.’;

(12) Leasaítear Airteagal 112a mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

Déanfar an chumhacht chun na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 13 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 4 bliana amhail ó [Cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo.]’;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 12, 13, 14, 18a, 20a, 26b, 43, 50a, 51, 60, 61, 62, 64, 75, 78, 81, 95 agus 111 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.’;

(c) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 12, 13, 14, 18a, 20a, 26b, 43, 50a, 51, 60, 61, 62, 64, 75, 78, 81, 95 agus 111 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’;

(13) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo;

(14) Déantar an téacs atá in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir seo a chur isteach mar Iarscríbhinn IIA.

Airteagal 3

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [Cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.
2. Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [...].
3. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.
4. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán An tUachtarán

IARSCRÍBHINNÍ

don Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

**lena leasaítear Treoir 2011/61/AE agus Treoir 2009/65/CE maidir le socrúithe tarmhigin,
bainistiú priacail leachtachta, tuairisciú maoirseachta, soláthar seirbhísí taisce agus
cumhdaigh agus tionscnamh iasachta ag cistí infheistíochta malartacha**

{SEC(2021) 570 final} - {SWD(2021) 340 final} - {SWD(2021) 341 final}

IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I, cuirtear na pointí 3 agus 4 seo a leanas isteach:

- ‘3. Iasachtaí tionscnaimh thar ceann CIM.
4. Eintitis shainchuspóireacha urrúsúcháin a sheirbhísiú.’

IARSCRÍBHINN II

‘IARSCRÍBHINN V

UIRLISÍ BAINISTITHE LEACHTACHTA ATÁ AR FÁIL DO BCIManna A BHAINISTÍONN CIManna NEAMHIATA

(1) Fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní: tugann fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní le tuiscint nach bhfuil infheisteoirí in ann, go sealadach, scaireanna nó aonaid ciste a fhuascailt ná a cheannach.

(2) Geataí fuascailte: srian sealadach is ea geata fuascailte ar cheart scairshealbhóirí chun a gcuid scaireanna a fhuascailt. Tá an srian sin páirteach, ionas nach bhféadfaidh infheisteoirí ach cuid áirithe dá scaireanna nó dá n-aonaid a fhuascailt.

(3) Tréimhsí fógra: is tagairt í tréimhse fógra don tréimhse réamhfhógra nach mór d’infheisteoirí a thabhairt do bhainisteoirí ciste nuair a bhíonn a gcuid scaireanna á bhfuascailt acu. Is é atá i gceist le tréimhsí fógra a úsáid mar uirlis bainistithe leachtachta tréimhse an réamhfhógra a shíneadh chun deis a thabhairt don bhainisteoir ciste iarratais fuascailte a sheoladh laistigh de thréimhse ama níos faide.

(4) Táillí leachtachta ar fhuascailtí; íocann infheisteoirí táille réamhchinntithe, arna léiriú mar chéatadán den infheistíocht, leis an gciste agus scaireanna a gciste á bhfuascailt acu. Léiríonn sé an costas a bhaineann le leachtacht a bhaint amach, agus áirithítear leis nach mbeidh infheisteoirí a chloíonn leis an gciste faoi mhíbhuntáiste míchothrom nuair a fhuasclaíonn infheisteoirí eile a n-aonaid nó a scaireanna le linn na tréimhse sin. D’fhéadfadh méadú ar an táille fuascailte a bheith i gceist le bainistiú leachtachta;

(5) Luascphraghsáil agus/nó déphraghsáil: is féidir na sásraí praghsála sin a úsáid chun tionchar na bhfuascailtí ciste agus suibscríbhinní ar luach na punainne infheistíochta a íoslaghdú.

Is tagairt í luascphraghsáil do choigeartú ghlanluach sócmhainne aonair na scaireanna nó na n-aonad i gciste infheistíochta trí fhachtóir réamhchinntithe ('luascfhachtóir') a chur i bhfeidhm ar an bpraghas sin ionas go léireofar leis costas na n-idirbheart ciste a eascraíonn as gníomhaíocht infheisteoirí. D'fhéadfadh méadú ar an bhfachtóir tarraingthe a bheith i gceist le bainistiú leachtachta, laistigh de theorainn réamhshocráithe.

Is éard atá i gceist le déphraghsáil dhá phraghas a ríomh ag gach pointe luachála: an praghas tairgthe, ag ar féidir le hinfeisteoirí aonaid nó scaireanna i gciste a cheannach, agus an praghas tairisceana, ag ar féidir le hinfeisteoirí a n-aonaid nó a scaireanna i gciste a dhíol. Déantar na praghsanna sin a ríomh ar bhonn an ghlanluacha sócmhainne in aghaidh an aonaid nó na scaire, arna shuimiú nó arna laghdú le méid réamhchinntithe a chumhdaíonn na costais leachtachta a bhaineann le gach suibscríobh nó fuascailt.

(6) Tobhach frithchaolúcháin: muirear is ea an tobhach frithchaolúcháin atá iníoctha leis an gciste agus a chuirtear i bhfeidhm ar infheisteoirí aonair atá i mbun idirbheart chun infheisteoirí eile a chosaint ar iompar na gcostas a bhaineann le sócmhainní a cheannach ná a dhíol mar gheall ar insreafaí nó eis-sreafaí móra. Níl aon athrú ar phraghas scaireanna ná aonaid an chiste i gceist leis an tobhach frithchaolúcháin. Ríomhtar an tobhach agus na costais leanúnacha leachtachta agus dálaí leanúnacha sa mhargadh á gcur san áireamh.

(7) Fuascailtí comhchineáil: trí bhíthin fuascailtí comhchineáil is féidir le bainisteoirí iarraidh fuascailte a chomhlíonadh trí shócmhainní a shealbhaíonn an ciste, seachas airgead tirim, a aistriú chuig an aonad nó na scairshealbhóirí atá i mbun fuascailte.

Taobhphócaí: ligeann taobhphócaí don chiste infheistíochtaí áirithe a dheighilt, i gcúinsí eisceachtúla, más rud é gur athraigh a ngnéithe eacnamaíocha nó dlí go mór, nó má éiríonn siad éiginnte i gcomparáid le hinfeistíochtaí eile an chiste infheistíochta.'

IARSCRÍBHINN III

In Iarscríbhinn I, Sceideal A, an tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.13:

1.13. Nósanna imeachta agus coinníollacha maidir le haonaid a athcheannach nó a fhuascailt, agus imthosca inar féidir athcheannach nó fuascailt a chur ar fionraí nó uirlisí bainistithe leachtachta eile a ghníomhachtú.

1.13. Nósanna imeachta agus coinníollacha maidir le haonaid a athcheannach nó a fhuascailt, agus imthosca inar féidir athcheannach nó fuascailt a chur ar fionraí nó uirlisí bainistithe leachtachta eile a ghníomhachtú. I gcás cuideachtaí infheistíochta ina bhfuil ranna infheistíochta éagsúla, faisnéis maidir le conas is féidir le sealbhóir aonad imeacht ó roinn amháin go dtí roinn eile agus na muirir is infheidhme i gcásanna den sórt sin.

IARSCRÍBHINN IV

‘IARSCRÍBHINN IIA

UIRLISÍ BAINISTITHE LEACHTACHTA ATÁ AR FÁIL DO GCUInna

(1) Fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní: tugann fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní le tuiscint nach bhfuil infheisteoirí in ann, go sealadach, scaireanna nó aonaid ciste a fhuascailt ná a cheannach.

(2) Geataí fuascailte: srian sealadach is ea geata fuascailte ar cheart scairshealbhóirí chun a gcuid aonad a fhuascailt. Tá an srian sin páirteach, ionas nach bhféadfaidh infheisteoirí ach cuid áirithe dá n-aonad a fhuascailt.

(3) Tréimhse fógra: is tagairt í tréimhse fógra don tréimhse réamhfhógra nach mór d’infheisteoirí a thabhairt do bhainisteoirí ciste nuair a bhíonn a gcuid aonad á bhfuascailt acu. Is é atá i gceist le tréimhsí fógra a úsáid mar uirlis bainistithe leachtachta tréimhse an réamhfhógra a shíneadh chun deis a thabhairt don bhainisteoir ciste iarratais fuascailte a sheoladh laistigh de thréimhse ama níos faide.

(4) táillí leachtachta ar fhuascailtí; íocann infheisteoirí táille réamhchinntithe, arna léiriú mar chéatadán den infheistíocht, leis an gciste agus aonaid a gciste á bhfuascailt acu. Léiríonn sé an costas a bhaineann le leachtacht a bhaint amach, agus áirithítear leis nach mbeidh infheisteoirí a chloíonn leis an gciste faoi mhíbhuntáiste míchothrom nuair a fhuasclaíonn infheisteoirí eile a n-aonaid le linn na tréimhse sin. D’fhéadfadh méadú ar an táille fuascailte a bheith i gceist le bainistiú leachtachta.

Swing agus/nó déphraghsáil:

Is tagairt í luascphraghsáil do choigeartú ghlanluach sócmhainní aonair na n-aonad i gciste infheistíochta trí fhachtóir réamhchinntithe ('luascfhachtóir') a chur i bhfeidhm ar an bpraghas sin ionas go léireofar ann costas na n-idirbheart ciste a eascraíonn as gníomhaíocht infheisteoirí. Is tagairt í luascphraghsáil do choigeartú ghlanluach sócmhainne aonair na n-aonad i gciste infheistíochta trí fhachtóir réamhchinntithe ('luascfhachtóir') a chur i bhfeidhm ar an bpraghas sin ionas go léireofar leis costas na n-idirbheart ciste a eascraíonn as gníomhaíocht infheisteoirí. D'fhéadfadh méadú ar an luascfhachtóir tarraingthe a bheith i gceist le bainistiú leachtachta, laistigh de theorainn réamhshocráithe.

Is éard atá i gceist le déphraghsáil ná dhá phraghas a ríomh ag gach pointe luachála: an praghas tairisceana, ar a bhféadfaidh infheisteoir aonaid i gciste a cheannach, agus an praghas tairisceana, ar a bhféadfaidh infheisteoirí a n-aonaid a dhíol i gciste. Déantar na praghsanna sin a ríomh ar bhonn an ghlanluacha sócmhainne in aghaidh an aonaid, arna shuimiú nó arna laghdú le méid réamhchinntithe a chumhdaíonn na costais leachtachta a bhaineann le gach suibscríobh nó fuascailt.

(6) Tobhach frithchaolúcháin: cuirear is ea an tobhach frithchaolúcháin atá iníoctha leis an gciste agus a chuirtear i bhfeidhm ar infheisteoirí aonair atá i mbun idirbheart chun infheisteoirí eile a chosaint ar iompar na gcostas a bhaineann le sócmhainní a cheannach ná a dhíol mar gheall ar insreafaí agus eis-sreafaí móra. Níl aon athrú ar phraghas aonaid an chiste i gceist leis an tobhach frithchaolúcháin. Ríomhtar an tobhach agus na costais leanúnacha leachtachta agus dálaí leanúnacha sa mhargadh á gcur san áireamh.

(7) Fuascailtí comhchineáil: trí bhíthin fuascailtí comhchineáil is féidir le bainisteoirí iarraidh fuascailte a chomhlíonadh trí shócmhainní a shealbhaíonn an ciste, seachas airgead tirim, a aistriú chuig na sealbhóirí aonad atá i mbun fuascailte.

(8) Taobhphócaí: ligeann taobhphócaí don chiste infheistíochtaí áirithe a dheighilt, i gcúinsí eisceachtúla, más rud é gur athraigh a ngnéithe eacnamaíocha nó dlí go mór, nó má éiríonn siad éiginnte i gcomparáid le hinfeistíochtaí eile an chiste infheistíochta. Ní fhéadfaidh GCUI é féin a iompú ina eintiteas nach GCUI é mar gheall ar an deighilt, de bhun airteagal 1(5) den Treoir GCUI.'